National Centre for Technology in Education
Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

NCTE

Ionad Náisiúnta Don Teicneolaíocht San Oideachas

Tuarascáil bhliantúil 2007

OCB, Baile Átha Cliath 9, Éire. Fón: +353 1 700 8200. Facs: +353 1 700 8210. Riomhphost: info@ncte.ie

ÁBHAR

RÉAMHRÁ

OBAIR AN NCTE (IONAD NÁISIÚNTA DON TEICNEOLAÍOCHT SAN OIDEACHAS)

BUAICPHOINTÍ 2007

FOIREANN

TIONSCNAMH COMHTHÁTHAITHE TEICNEOLAÍOCHTA 9

Clár Leathanbhanda Scoileanna
Líonraí Ríomhairí Áitiúla

FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH 14

Rannpháirtíocht Chúrsaí
Forbairt Chúrsaí
Athbhreithniú Chúrsaí
Forbairt Ghairmiúil TFC agus Riachtanais Speisialta Oideachais
Forbairt Ghairmiúil DonTeagascóir
Cúrsaí Samhraidh
Cúrsaí Arlíne
Gníomhaíocht Tionscnaimh

SCOILNET 20

Saineolaithe Ábhair
Forbairtí Láithreán
Ábhair Thagartha
Tionscnamh Meiteashonraí an AE
An tionscnaimh “Fón”
Timpeallacht Foghlama Fhíorúil
Tíreolas
Fraincis
Suíomh Idirlíon NCTE

SLÁNDÁIL AR AN IDIRLÍON 24

Feachtas Trí Phointe Webwise 2007
Sábháil Teacht Idirlíon agus an Gréasán Sóisialta
Sábháilteacht Ar An Idirlíon sa Seomra Ranga
Acmhainní Foghlama Webwise
Sábháil Teacht Ar An Idirlíon agus Tuismitheoirí

Suirbhé Webwise 'Watch Your Space' 2007
Webwise 2007 agus aghaidh go 2008

ÁBHAR DIGITEACH **31**

Léarscaileanna Scoilnet
Imagebank
Immerse
FÍS
Suíomh Gréasáin Inserbhíse Staire
Cartlann Dhigiteach an Irish Times ó 1859 – 2007
Software Central

TFC SA SEOMRA RANGA **40**

Gradam Scoile Digiteach
Luath-Fhoghlaim Kidsmart IBM
Sráidbhaile Foghlama Riverdeep
Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) agus TFC
Litearthacht agus TFC
Cumasú Intinne
Fionnaigh Braiteoirí
Tionscadal Scoile 'Connect'
Tionscnamh Foghlama na Líbirtí

SEIRBHÍS COMHAIRLE TFC **46**

Cuairteanna Scoile

MAOINIÚ AGUS CAITEACHAS **48**

AGUISÍN **50**

RÉAMHRÁ

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2007 den Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) a fhoilsiú. Cuireann sé síos ar bhliain ghnóthach don NCTE de réir mar a rinneamar forbairt ar chláir agus ar thionscadail áirithe agus gur chuireamar iad ar fáil.

Bhí béim leanúnach ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) don NCTE in 2007. D'fhreastail breis is 11,500 múinteoir ar cheardlanna forbartha gairmiúla agus ar chúrsaí in 2007. Bhí béim ar leith ag gníomhaíocht FGL de chuid an NCTE do 2007 ar thacaíocht a thabhairt do sheoladh T4 de shiollabais nua trí mheán chúrsaí TFC a chur ar fáil do mhúinteoirí. Tháinig méadú de thart ar 11% ar líon na ndaoine a ghlac páirt agus tháinig méadú go 37 ar líon na gcúrsaí TFC/modúl a cuireadh ar fáil.

Lean an soláthar d'ábhar digiteach le haghaidh foghlama agus teagaisc mar tháinig méadú agus forbairt ar Scoilnet agus rinneamar obair ar ghréasáin oideachasúla eile, mar *French.ie* agus Imagebank.ie. Rinneadh comhaontú le OSI [Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann] chun ceadúnas a chur ar fáil do shonraí mapála a d'úsáidfí i scoileanna dara leibhéal. Chuir an NCTE próiseas soláthair phoiblí ar siúl chun Breathnóir Mapaí arlíne a chur ar fáil. Thosaigh obair ar thógáil agus ar fhorbairt an tsuímh ghréasáin go déanach in 2007 i gcomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta Tíreolaíochta.

Mar chuid den chlár Leathanbhanda i scoileanna, rinneadh nasc leathanbhanda do 3,923 scoil agus thug an Deasc Cabhrach Leathanbhanda tacaíocht dóibh.

Tá an t-ádh leis an NCTE go bhfuil fáil ar ionchur agus comhoibriú na n-institiúidí oideachais eile agus ar ghrúpa ionadaíoch na múinteoirí i gcónaí. Tugann comhoibriú agus cúnamh uatha an deis dúinn ár gcuid oibre a dhéanamh i mbealach níos éifeachtaí agus tá páirt thábhachtach acu sa rath atá ar na tionscnaimh éagsúla atá againn. Ba mhaith liom treoir agus tacaíocht Aonad Polasaí TFC sa Roinn Oideachais i rith na bliana a admháil. Mar stiúrthóir an NCTE, bhí an-áthas orm cuireadh a fháil a bheith mar chathaoirleach ar ghrúpa Straitéise TFC a bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta.

Ar deireadh, ba mhaith liom admháil agus moladh a thabhairt do thiomantas agus do ghaiscí m'fhoirne féin san NCTE i rith 2007.

_____

Jerome Morrissey
Stiúrthóir

Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas
Ollscoil Chathair Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9

OBAIR AN NCTE

Bunaíodh an NCTE in 1998 mar áisíneacht de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE). Tá sé freagrach as bainistiú agus cur i bhfeidhm pholasaí TFC i Scoileanna de chuid na Roinne. Is é bun-mhisean an Lárionaid ná poiblíocht agus tacaíocht a thabhairt d'úsáid Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide ag múinteoirí agus daltaí go laethúil ina gcuid teagaisc agus foghlama. Cuirtear réímse tacaíochta ar fáil do scoileanna chun é seo a éascú. Tá modhanna nua tarraingteacha ag teacht chun cinn i scoileanna na hÉireann. Tá an-éileamh ar fhorbairtí den chineál seo. Tá siad an-dearfach agus cuireann siad buntáistí ar fáil do mhúinteoirí agus do mhic léinn araon. Is féidir le comhtháthú iomlán an TFC i scoileanna timpeallacht fhoghlama, atá fuinniúil agus réalach a chruthú – timpeallacht a thugann caoi do mhic léinn teacht ar thuiscint ar spriocanna foghlama an churaclaim agus a bheith ina n-úsáideoirí muiníneacha agus cruthaíocha ar na nua-theicneolaíochtaí.

Tionscnamh Comhtháthaithe Teicneolaíochta (TCT)

Cuireann an tionscnamh seo réimse pleanála, comhairle agus tacaíochta ar fáil do scoileanna de réir mar a dhéanann siad forbairt ar a mbonneagar TFC. I rith 2007, bhí béim ar leith ar sheachadadh agus ar thacaíocht a chur ar fáil do Chlár Leathanbhanda na Scoileanna. San áireamh tá bainistiú ar Dheasc Seirbhíse Leathanbhanda na Scoileanna, ceann de na bun-tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do scoileanna.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Cuireann FGL béim ar sheachadadh fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí maidir le húsáid TFC san fhoghlaim agus sa teagasc. De ghnáth, cuirtear cúrsaí ar fáil i ngréasán na lárionad oideachais agus tá 37 cúrsa ar fáil sa phunann reatha.

Ábhar Digiteach

Déanann an tionscnamh um Ábhar Digiteach forbairt agus tugann sé bealach isteach chuig ábhar digiteach atá oiriúnach do churaclam scoileanna na hÉireann. San áireamh, tá forbairt ar shuíomhanna gréasáin shaitilíte a bhaineann le réimsí ar leith den churaclam chomh maith le bogearraí a aimsiú agus a luacháil don úsáid oideachasúil. Baineann conarthaí bogearraí ceadúnaithe leis na téarmaí tagartha atá ag Ábhar Digiteach.

Scoilnet

Déanann tionscnamh Scoilnet bainistiú ar Scoilnet.ie, tairseach oideachais Éireannach, agus ar shuíomh gréasáin NCTE, suíomh gréasáin Sábháilteachta an Idirlín, Webwise.ie agus ar roinnt suíomhanna gréasáin a bhaineann le tionscnaimh aonair. Príomh-bhealach isteach dóibh siúd a bhfuil acmhainní foghlama, a bhaineann leis an gcuraclam á lorg acu, is ea Scoilnet.ie. Déanann foireann Scoilnet bainistiú, cothabháil agus forbairt ar gach gné de shuíomh idirlín Scoilnet, bunachar de 9,947 nasc idirlín a bhfuil léirmheas déanta ag múinteoirí orthu.

Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) agus tionscnamh TFC

Feidhmíonn tionscnamh RSO agus TFC mar chuid de na tionscnaimh eile chun acmhainní a fhorbairt agus tugann sé tacaíocht, a bhaineann le riachtanais speisialta

oideachais. Tá bainistiú ar thionscnaimh ar leith maidir le húsáid TFC sa riachtanais speisialta oideachais san áireamh laistigh den tionscnamh seo, chomh maith.

TFC sa Seomra Ranga

Tá rún ag NCTE tacú le cleachtas éifeachtach TFC san fhoghlaim agus sa teagasc agus é a chur chun cinn. Dá dheasca, cuireadh réimse tionscnamh neamhspleách agus comhoibritheach ar bun le múinteoirí agus le mic léinn i scoileanna le blianta beaga anuas. Cuireann na cás-staidéir agus na luachálacha ó na nua-thionscnaimh seo cleachtas an TFC i scoileanna chun cinn agus spreagann sé múinteoirí eile ina gcleachtas comhtháthaithe sa TFC.

Sábhailteacht Idirlín

Tá rún ag an NCTE, trí thionscnamh Webwise, an úsáid a bhaineann daoine óga as an idirlíon a dhéanamh níos sábháilte agus níos éifeachtaí.

Sheol an tAire Hanafin feachtas sábháilteachta “Watch Your Space”, atá dírithe ar dhéagóirí, ar an Idirlíon ar ‘Safer Internet Day’.

Cuireadh Beart Sábháilteachta Idirlín chuig gach scoil sa tír agus oileadh 50 teagascóir chun cúrsa forbartha gairmiúil leanúnach ar Shábháilteacht Idirlín a chur ar siúl in Ionaid Oideachais ar fud na tíre.

I gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (CNT), thosaíomar ag tabhairt Seimineáir Thuismitheoirí ar Shábháilteacht Idirlín Webwise do ghrúpaí tuismitheoirí agus chuireamar cainteoirí ar fáil do Chruinnithe Cinnbhliana scoileanna.

Seirbhís Comhairle TFC

Cuireann NCTE ciste airgid, tacaíocht ar fáil agus déanann sé comhordú ar SheirbhísComhairle TFC, a chuireann 21 Ionad Oideachais lán-aimseartha ar siúl ar fud na tíre.Cuireann comhairleoirí TFC comhairle áitiúil ar TFC ar fáil agus tugann siad tacaíocht do scoileanna atá faoi bhainistíocht na n-ionad oideachais.

I gcomhthéacs níos leithne, déanann NCTE comhoibriú le roinnt áisíneachtaí de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, le tionscnaimh Ranna Rialtais eile agus le heagraíochtaí seachtracha ar réimse leathan ábhar a bhaineann le TFC san oideachas. Baineann ionchuir d’fhorbairt pholasaí, soláthar comhairle agus treorach, moltaí faoi thaighde agus forbairt agus ag cur tús le tionscnaimh chomhoibritheacha, leis an bhfeidhm seo. Cuid bhunúsach de rath an NCTE mar áisíneacht, atá dírithe ar chláir a chur i bhfeidhm, is ea comhoibriú agus comhpháirtíocht mar seo. Déanann sé deimhin a chinntiú go leanann TFC, agus an bhaint atá aige le gach gné den oideachas, mar rud a bhfuil tábhacht straitéiseach aige laistigh den earnáil i dtaca leis an dul chun cinn agus an aibíocht a bhaineann le sochaí na hÉireann, atá bunaithe ar eolas.

BUAICPHOINTÍ 2007

Bhí leathanbhanda curtha ar fáil do 99% de na scoileanna faoi dheireadh 2007. Ag tús 2007, bhí leathanbhanda curtha ar fáil do 3,800 scoil agus faoi dheireadh 2007 bhí an leathanbhanda ag 3,923 scoil.

Leathnaíodh an réimse comhairle ar theicneolaíocht agus ar threoir agus rinneadh nuashonradh ar 33 réimse chun cabhrú le scoileanna maidir le teicneolaíocht agus maidir lena húsáid i gcomhtháthú TFC san fhoghlaim agus sa teagasc.

Ghlac breis is 11,500 múinteoir páirt i gcúrsaí TFC agus i ngrúpaí tacaíochta in 2007, a bhí maoinithe ag an NCTE. Bhí na huimhreacha seo méadaithe i gcomparáid leis na blianta roimhe. Dearadh, forbraíodh agus cuireadh tús le ceithre chúrsa nua agus ocht modúl nua in 2007. Is é líon iomlán na gcúrsaí/modúl TFC atá ar fáil ná 37.

D'oibrigh an NCTE le Seirbhís Tacaíochta Teicneolaíochta T4 agus le Gréasáin Ghairmiúla na dTeagascóirí Teicneolaíochta (GGTT) chun clár forbartha gairmiúil ar leith a chur ar fáil do theagascóirí, a bhí ag teagasc siollabais leasaithe Teicneolaíocht na hAiltireachta, Graificí Deartha agus Cumarsáide agus Teicneolaíocht Innealltóireachta agus ábhar nua na Teicneolaíochta ag leibhéal na hArdteistimeireachta. Bhí dearadh agus seachadadh ceithre réamh-mhodúl TFC agus trí mhodúl ar Dhearadh Paraiméadrach le Cúnamh Ríomhaire (DPCR). Chuir an clár seo le clár inseirbhise T4 agus d'éirigh go hiontach leis, le breis is 1,000 ionad traenála do mhúinteoirí ar fáil ar na cúrsaí breise tráthnóna, chomh maith leis an gclár inseirbhíse.

Tugadh breis is 1.27 milliún cuairt ar Scoilnet, an tairseach don oideachas Éireannach i rith na bliana.Is méadú de bhreis is 200,000 é ón mbliain roimhe. I rith na gcuairteanna seo ar an suíomh, féachadh ar bhreis is 11 milliún leathanach.

Sheol an tAire Mary Hanafin, T.D. Feachtas 'Watch Your Space' de chuid Webwise le haghaidh 'Safer Internet Day 2007'. Roghnaíodh feachtas póstaer agus suíomh idirlín 'Watchyourspace' mar acmhainn chun aird a tharraingt ar Shábháilteacht ar an Idirlíon. Ba é tionscnamh 'Safer Internet' de chuid Chomisiún na hEorpa ag Fóram Rialachas Idirlín ag Rio de Janeiro i Samhain 2007 a roghnaigh é. I Nollaig 2007, léirigh Webwise a mhodúl foghlama agus teagaisc nua ar Shábháilteacht Idirlín //:Be Safe_Be Webwise://. ag an 7ú Eminent Conference sa Bhruiséil.

In 2007, shocraigh an NCTE téarmaí le OSi agus chuir sé tús le próiseas soláthair phoiblí chun Breathnóir Mapaí Idirlín a fháil ina bhféadfaí sonraí Osi a léiriú. I Samhain 2007, bronnadh conradh chun Breathnóir Mapaí Arlíne a chur ar fáil. Thosaigh obair ar thógáil agus ar fhorbairt shuíomh idirlín Mhapaí Scoilnet go déanach in 2007 agus bhí suíomh beta ag feidhmiú faoi dheireadh na bliana.

Lean an borradh faoi FÍS sna scoileanna agus cuireadh thart ar 25 scannán ó na taispeántais réigiúnacha ar ghearrliosta d'Fhéile Scannán Náisiúnta FÍS, a cuireadh ar siúl ar an 25 Deireadh Fómhair 2007 sa Helix, Ollscoil Chathair Átha Cliath le haoi speisialta, Evanna Lynch, réalt i scannáin Harry Potter.

Lean comhoibriú idir an NCTE agus Foireann Tacaíochta Inseirbhíse Staire i rith 2007 trí bhainistiú agus trí thacaíocht dá shuíomh idirlín www.scoilnet.ie/hist. Tháinig méadú 44% ar thrácht an tsuímh idirlín do 2007. Léirigh sé seo luach agus tábhacht na n-acmhainní agus an ábhair a bhí ar an suíomh. Rinneadh 38,199 cuairt ar an suíomh i gcaitheamh na bliana agus bhí an figiúr ab airde do mhí amháin, 4,976, i Samhain 2007.

FOIREANN

Stiúrthóir
Jerome Morrissey

Tionscnamh Comhtháthaithe Teicneolaíochta

Tom Lonergan	Comhordaitheoir Náisiúnta
Helen Mc Keon	Bainisteoir Tacaíochta Leathanbhanda

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Madeleine Murray	Comhordaitheoir Náisiúnta (go Márta 2007)
Denise Brennan	Comhordaitheoir Náisiúnta Gníomhach (ó Mhárta 2007)
Fred Boss	Oifigeach Tionscadail (ó Bhealtaine 2007)

Tionscnamh ar Ábhar Digiteach

Anne White	Comhordaitheoir Náisiúnta
Karin Whooley	Oifigeach Tionscadail
John Heffernan	Oifigeach Tionscadail

Tionscnamh Scoilnet

Mike O' Byrne	Comhordaitheoir Náisiúnta
Patrick Coffey	Oifigeach Tionscadail
Sharon Mc Donald	Oifigeach Tionscadail (go Meitheamh 2007)
Helen Massey	Oifigeach Tionscadail (ó Mheán Fómhair 2007)
Simon Grehan	Oifigeach Tionscadail (Sábháilteacht Idirlín)
Gráinne Walsh	Oifigeach Tionscadail (Sábháilteacht Idirlín)

Riachtanais Speisialta Oideachais

Neil O' Sullivan	Oifigeach Tionscadail (ó Aibreán 2007)

Seirbhís Lárnach

Carmel Coen	Riarthóir Oifige Sinsearach (ó Aibreán 2007)
Pascal Leloup	Cláraitheoir Anailíse Sinsearach
Seán Dower	Riarthóir Córas
Frances Jacob	Cúntóir Cléireachais
Michelle Herron	Rúnaí/Fáilteoir
Svetlana Vasilieva	Cuntasóir
Sonja Ryan	Cúntóir Cuntas/Riaracháin
Rite Grimes	Cúntóir Riaracháin (ó Mheitheamh 2007)

TIONSCNAMH COMHTHÁTHAITHE TEICNEOLAÍOCHTA

Is é an fócas atá ag Tionscnamh Comhtháthaithe Teicneolaíochta an NCTE (TCT) ná cur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'úsáid agus chomhtháthú bhonneagar oiriúnach don TFC i scoileanna. Cuireann tionscnamh TCT comhairle agus treoirlínte ar fáil i réimsí éagsúla na teicneolaíochta. Is iad príomh-ghnéithe de bhonneagar TFC na scoileanna ná leathanbhanda, líonrú i scoileanna agus an réimse leathan d'fhearas TFC agus de chórais a úsáidtear i scoileanna. Ina measc tá ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, teilgeoirí digiteacha, ceamaraí digiteacha agus físe, stáisiúin ilmheáin, cláir bhána idirghníomhacha, printéirí, freastalaithe, tralaithe ríomhairí glúine srl; san áireamh tá TFC do riachtanais speisialta oideachais (RSO) agus fearas agus córais eile a úsáidtear chun comhthathú a dhéanamh idir TFC agus teagasc agus foghlaim. Déanann tionscnamh TCT nasc le tionscnaimh eile de chuid an NCTE agus tugann sé tacaíocht dóibh chun modh idir-thionscnamh a chur ar fáil maidir le tacaíocht a thabhairt do Chomhtháthú TFC i scoileanna.

Tá forbairt ar bhonneagar seasmhach TFC a oibríonn mar bhonn taca d'úsáid chomhtháthaithe TFC i seomraí ranga agus tugann sé cumhacht do mhúinteoirí agus do mhic léinn. Bhí béim ar leith curtha ar chomhordú agus ar shuiteáil an leathanbhanda i scoileanna trí mheán Chlár Leathanbhanda na Scoileanna in 2007.

I rith na bliana, chuir an NCTE eolas agus comhairle agus tacaíocht ar fáil do scoileanna maidir le gach gné de chomhtháthú TFC trí theagmháil phearsanta, trí shuíomh idirlín an NCTE agus trí chomhfhreagras le scoileanna. Bhí an NCTE ag obair, chomh maith, leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun deileáil le fiosrúcháin i réimsí éagsúla. Cuirtear comhairle agus tacaíocht ar fáil ar shuíomh idirlín an NCTE ag www.ncte.ie/ICTAdviceSupport/ ar réimse ábhar a bhaineann le TFC mar seo a leanas:

Rinneadh leasuithe ar bhileoga comhairle TFC a dhéileálann le réimsí áirithe chun na forbairtí is déanaí sa teicneolaíocht agus sa TFC i scoileanna a léiriú. Déilealann na bileoga eolais TFC leis na réimsí seo a leanas:

Gléis Ríomhaireachta:
Ríomhairí – Ríomhairí PC, Apple, Ríomhairí Glúine agus Caolchliaint.

Fearas TFC eile
San áireamh tá Teilgeoirí Digiteacha, Printeirí, DVDanna, Ceamaraí Digiteacha, Físcheamaraí Digiteacha, Seinnteoirí Miondiosca/Taifeadáin, Scanóirí, Cláir Bhána Idirghníomhacha, PDAnna, Físchomhdháil agus Fóin Phóca.

Bogearraí
San áireamh tá Bogearraí Oideachasúla agus Ceadúnú Bogearraí

Líonrú agus réimsí gaolmhara
San áireamh tá 'Cad is Líonrú ann?', Líónrú bunúsach, Líonrú gan sreang agus Inlín, Stóráil agus Cúltaca, Víris Ríomhaire agus Fearas a choimeád slán.

Réimsí Éagsúla TFC
San áireamh tá an tIdirlíon, Suíomhanna Idirlín Scoile, Sábháilteacht Idirlín, Logáil Sonraí, Brící In-Ríomhchláraithe, TFC agus Riachtanais Speisialta (RS), Eirgeanamaíocht, Sláinte agus Sábháilteacht agus Gluais TFC.

Clár Leathanbhanda Scoileanna

Cuireann Clár Leathanbhanda na Scoileanna nasc leathanbhanda ardluais bainistithe agus seirbhísí bainistithe lárnacha, atá bainteach leis, ar fáil do scoileanna céad leibhéil agus dara leibhéal.

Feictear an éifeacht sna seirbhísí breise a chuirtear ar fáil. Féachann scoileanna ar naisc leathanbhanda níos tapúla agus ar an scagadh ar ábhar, a ghabhann leis, a chuirtear ar fáil ó ionad lárnach mar mhór-bhuntáiste an chláir go dtí seo.

Tá nasc Idirlín níos tapúla ar fáil sa tseirbhís leathanbhanda do scoileanna. Chomh maith leis sin, bíonn an nasc leis an Idirlíon ar siúl i gcónaí agus bíonn bainistiú lárnach ar sheirbhísí. San áireamh sna seirbhísí, tá scagadh ar ábhar agus ar shuíomh idirlín, "balla dóiteáin", a bhfuil smacht lárnach air, do gach scoil agus smacht frith-víris comhtháite. Mar sin is geata faoi smacht Líonra Leathanbhanda na Scoileanna, a dtéann scoileanna tríd, go dtí an tIdirlíon agus go dtí acmhainní arlíne eile.



Fíor 1: Líonra Leathanbhanda na Scoileanna

Bhí an bhéim mhór in 2007 ar thacaíocht a thabhairt do scoileanna, a bhfuil an nasc leathanbhanda acu cheana féin, agus chun an nasc a chur ar fáil do gach scoil eile. Ba é a bhí le déanamh ná aon fhadhb leathanbhanda a réiteach, déileail le hiarratais ar eolas agus le ceisteanna ó scoileanna maidir le leathanbhanda agus cabhair a thabhairt do scoileanna maidir leis an leathanbhanda a úsáideann siad. Ag tús 2007, bhí leathanbhanda faighte ag 3,800 scoil agus faoi dheireadh 2007, bhí sé faighte ag 3,923 scoil.

Déanann scoileanna nasc le líonra atá bainistithe go lárnach trí nasc leathanhanda agus ródaire; déanann soláthróirí seirbhísí, atá faoi chonradh ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, é a cheangal. Déanann HEAnet, Líonra Náisiúnta Oideachais agus Taighde na hÉireann, bainistiú ar an líonra. Cuireann soláthróirí seirbhísí, a úsáideann teicneolaíochtaí eagsúla, atá ag brath ar thoscaí áitiúla, an ceangal idir scoileanna agus líonra HEAnet ar fáil. Braitheann an teicneolaíocht ar leith agus an cineál naisc a úsáidtear chun gach scoil a cheangal ar roinnt fachtóirí mar roghanna leathanbhanda atá ar fáil go háitiúil chomh maith le méad na scoile. De ghnáth, déantar naisc trí lúb digiteach rannpháirtí [LDR] agus trí lúb áitiúil dí-chuachta [lád], gan sreang, saitilít agus trí líon beag línte ar léas. Rinneadh teicneolaíocht shaitilíte a shuiteáil i scoileanna nuair nach raibh LDR nó teicneolaíocht gan sreang ar fáil go háitiúil, nuair a bhí suiteáil á pleanáil.



Fíor 2: Teicneolaíochtaí Leathanbhanda suiteáilte

Tá sé beartaithe seirbhísí breise a chur leis an líonra ionas go mbeidh Líonra Leathanbhanda na Scoileanna agus seirbhísí a bhaineann leis mar chuid bhunúsach de bhonneagar TFC na scoile agus go mbeidh sé mar gheata isteach go seirbhísí oideachasúla, ábhar agus acmhainní.

Cur i bhfeidhm tionscadail
Bhuaigh sé chomhlacht conarthaí chun naisc leathanbhanda a chur ar fáil do scoileanna: BT, Digiweb, HSData, Irish Broadband, Last Mile Wireless agus Smart Telecom. Tugadh scoileanna ar leith do gach soláthróir seirbhíse chun iad a cheangal leis an líonra leathanbhanda. Bhí sé seo bunaithe ar an teicneolaíocht ba oiriúnaí do gach scoil faoi mar a socraíodh nuair a bhí an próiseas tairiscinte á luacháil.

Cumarsáid le Scoileanna
Tá an NCTE freagrach as cumarsáid agus comhordú idir scoileanna agus an clár agus as tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do scoileanna le linn na gcéimeanna éagsúla ina bhfuil an tionscadal á chur i bhfeidhm.

Tugadh comhairle agus treoirlínte le cinntiú go raibh cur amach ag scoileanna ar gach céim a bhain leis an bpróiseas suiteála. San áireamh, bhí eolas maidir le hullmhúchán do leathanbhanda, mar shampla, líne oiriúnach a roghnú do sheirbhísí LDR, ag deimhniú go raibh dóthain foinsí cumhachta oiriúnacha ar fáil agus breithniú faoi shuíomh oiriúnach don fhearas sa scoil.

I rith an chláir, rinneadh teagmháil le scoileanna a raibh na ceisteanna céanna nó a raibh ceisteanna ar leith acu ionas go bhféadfaí déileáil lena gcuid ceisteanna. Bhí an Deasc Seirbhíse Leathanbhanda ar fáil i rith na scoilbhliana agus i rith na laethanta saoire chun feabhas a chur ar an gcumarsáid agus ar an aiseolas. Dhírigh mír de shuíomh idirlín an NCTE ar eolas cuí a chur ar fáil, ar fhoirm aiseolais chun tuairimí custaiméirí a fháil agus ar fhreagraí a chur ar fáil do “cheisteanna a chuirtear go minic”.

Deasc Seirbhíse Leathanbhanda
Is é an Deasc Seirbhíse Leathanbhanda, atá faoi bhainistíocht an NCTE, an príomh-mhodh cumarsáide agus comhordaithe idir scoileanna agus an clár leathanbhanda. Is iad príomh-róil an Deasc Seirbhíse, atá ag feidhmiú go hiomlán ó Aibreán 2005, ná:

- Chun pointe teagmhála amháin a chur ar fáil idir scoileanna agus an Clár Leathanbhanda do Scoileanna, chun eolas, comhairle, treoir agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil.
- Chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla idir soláthróirí seirbhíse agus an NCTE.
- Chun comhordú a dhéanamh agus triail a bhaint as gach nasc leathanbhanda agus as fearas ródaire leathanbhanda nuair atá suiteáil déanta ag soláthróirí seirbhíse orthu.
- Chun próiseas bainistithe lochtanna, formhéadaithe agus réitigh a chur ar fáil do gach ceist a ardaíonn scoileanna agus páirtithe eile.

Moltar do scoileanna glaoch ar an Deasc Seirbhíse ag saorfón 1800 nó teagmháil a dhéanamh le ríomhphost maidir le ceist ar bith atá acu faoina seirbhís leathanbhanda.

Le linn 2007, ghlac an Deasc Seirbhíse le thart ar 19,390 glaoch a tháinig isteach agus thart ar 6,440 teagmháil trí ríomhphost ó scoileanna, i gcoitinne.

Tá foireann tacaíochta, a bhfuil traenáil ar leith acu, ag an Deasc Seirbhíse agus tá bainistiú á dhéanamh ag an mBainisteoir Tacaíochta Leathanbhanda de chuid an NCTE air.



Fíor 3: Deasc Seirbhíse NCTE

Buntáistí do Scoileanna
Cuireann Clár Leathanbhanda na Scoileanna feabhas tábhachtach ar fáil i bhforbairt bhonneagar TFC i scoileanna. Bíónn buntáistí dearfacha aige ar gach scoil sa líonra.

- *Rochtain Idirlín faoi Lánluas.* Cuireann sé seo an tIdirlíon ar fáil don ilúsáideoir ag am ar bith. Cuireann sé ábhar saibhir na n-ilmheán ar fáil, íomhánna, ceol, píosaí físe agus mar sin san áireamh. Is féidir le leathanbhanda ábhar mar seo a íoslódáil in achar gearr.

- *Nasc Idirlín ar siúl i gcónaí* ar feadh an lá scoile, sna tráthnóintí agus ag an deireadh seachtaine. Is féidir le scoileanna an oiread ama agus is gá a chaitheamh arlíne gan línte teileafóin a bheith gafa nó gan a bheith buartha faoin chostas.

- *Seirbhísí bainistithe go lárnach,* mar atá scagadh ábhair, cosaint bhalla dóiteáin agus ríomhphost sábháilte le frith-víreas comhtháite agus smacht ar thurscar. Laghdaíonn scagadh ábhair an baol go mbeidh teacht ar ábhar neamhoiriúnach i scoileanna agus cuirfidh seirbhísí ríomhphoist níos fearr cuntais ríomhphoist slán sábháilte ar fáil. Ba cheart mar sin go mbeadh feabhas ar chumarsáid idir scoileanna agus eamhnú idir scoileanna. Cuirfear seirbhísí eile ar fáil chun freastal ar riachtanais scoileanna.

Líonraí Ríomhairí Áitiúla

Idir 2004 - 2007, thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta deontais líonraithe de thart ar €23 milliún do scoileanna chun líonraí ríomhairí scoile a sholáthar chun leathanbhanda agus acmhainní curaclaim a sheachadadh ar fud na scoile. Cuireann NCTE treoirlínte ar fáil a chabhróidh le scoileanna chun tabhairt faoi líonrú ina scoileanna féin. I rith na bliana, lean NCTE ag cur eolais agus comhairle ar fáil faoi líonrú ar ríomhairí áitiúla, go díreach chuig scoileanna agus trí mheán Sheirbhís Comhairleoireachta TFC.

Hermes: Leathanbhanda "Caolchliaint" Gan Sreang do Scoileanna
Baineann tionscadal Hermes le naoi scoil i dtuaisceart Chontae Átha Cliath a bhfuil nasc acu le chéile agus a bhfuil bonneagar TFC comónta acu agus a úsáideann teicneolaíocht leathanbhanda "caolchliaint" gan sreang. (ciallaíonn "caolchliant" go n-oibríonn mórán feidhmeanna ar fhreastalaí lárnach seachas ar PC nna ar leith i ngréasán). Lean an tionscadal i rith 2007 le maoiniú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta trí mheán an NCTE. Cuireann an tionscadal feidhmeanna foghlama, atá óstaithe go lárnach, agus rochtain idirlín leathanbhanda bainistithe le nasc go naoi scoil ar fáil. Cabhraíonn sé chun líonrú TFC méadaithe a bhaint amach ar bhonn uile scoile. Cuirtear seirbhís tacaíochta teicniúil ar bhonn lárnach ar fáil do scoileanna ionas go mbíonn teacht ar an tseirbhís agus ar na feidhmeanna is fearr d'úsáideoirí.

Bhí an bhéim in 2007 ar chomhtháthú a dhéanamh ar TFC sa churaclam agus ar Thimpeallacht Foghlama Fhíorúil (TFF), atá bunaithe ar ardán comhoibritheach, a úsáid chun tacú le tógáil agus roinnt acmhainní i measc scoileanna, múinteoirí agus mac léinn.

Bhí gníomhaíochtaí oiliúna múinteoirí dírithe don chuid is mó ar ghníomhaíochtaí TFF mar ábhar a chruthú agus a roinnt chun deimhin a dhéanamh de gur tugadh eolas agus tuiscint do gach múinteoir ar an gcaoi in ar oibrigh an córas agus conas é a úsáid chun acmhainní foghlama a chruthú, a leasú agus a roinnt.

Tá athbhreithniú neamhspleách ar thionscadal Hermes ar siúl. Tomhaiseann sé cé chomh héifeachtach atá comhtháthú TFC sa teagasc agus san fhoghlaim agus conas a fheabhsaíonn acmhainní bogearraí agus ardáin TFF iad i scoileanna.

FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

AG CUR FORBAIRT GHAIRMIÚIL SA TFC AR FÁIL DO MHÚINTEOIRÍ

"An-taitneamhach agus riachtanach do gach múinteoir i lathair na huaire"

Duine a ghlac páirt sa chúrsa traenála le haghaidh an chúrsa ***"Ag déanamh comhtháthú idir an tIdirlíon agus Teagasc agus Foghlaim"*** earrach 2007

Ceann de na príomh-fheidhmeanna atá ag an NCTE is ea forbairt ghairmiúil ar bhonn leanúnach (FGL) a chur ar fáil do mhúinteoirí. In 2007, lean an NCTE ag dearadh agus ag forbairt clár cuimsitheach chúrsaí TFC, ceardlanna, gníomhaíochtaí tacaíochta agus acmhainní traenála do bhunmhúinteoirí agus d'iarbhunmhúinteoirí.

Rannpháirtíocht Chúrsaí

Cuirtear gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla atá maoinithe ag an NCTE ar fáil i bpáirtíócht leis an ngréasán réigiúnach d'Ionaid Oideachais. Chomh maith leis sin, éascaíonn an NCTE cláir forbartha ghairmiúla sa TFC le páirtithe oideachasúla eile, m.sh., Cumann Múinteoirí Éireann, na Coláistí Oideachais, foirne inseirbhíse curaclaim agus áisíneachtaí rialtais eile mar Fionnaigh Eolaíocht agus Innealltóireacht. San áireamh anseo tá maoiniú a chur ar fáil, forbairt chúrsa agus athbhreithniú, soláthar ábhair an chúrsa agus traenáil teagascóra. In 2007 rinneadh maoiniú ar 11,549 áit forbartha ghairmiúil do mhúinteoirí trí thionscnamh FGL an NCTE.

Rannpháirteachas i gCúrsaí i 2007:				
Soláthróir	**Tinreamh**	**Bunoideachas**	**Iarbhunoideachas**	**Measctha**
Ionaid Oideachais	10374	5757	4617	
NCTE arlíne	495			495
Clár Samhraidh CMÉ	400	400	---	---
Coláiste Mhuire Gan Smál	120	120		
Tionscnamh Foghlama Na Liberties	121	111	10	
Traenáil Teagascóra Eile	39	33	6	
Iomlán	11,549			

Forbairt Chúrsaí

Dearadh, forbraíodh agus cuireadh tús le ceithre chúrsa nua agus ocht modúl nua in 2007. San iomlán chuir an NCTE 37 cúrsa/modúl ar fáil.

1. **COMHTHÁTHÚ A DHÉANAMH IDIR SÁBHÁILTEACHT AR AN IDIRLÍON AGUS FOGHLAIM AGUS TEAGASC**

Forbraíodh an cúrsa nua i gcomhar le foireann Webwise an NCTE. Webwise is ea tionscnamh sábháilteachta ar an idirlíon de chuid an NCTE. Tá an cúrsa dírithe ar bhunmhúinteoirí agus ar iarbhunmhúinteoirí agus díríonn sé ar chomhtháthú a dhéanamh idir sábháilteacht ar an idirlíon le foghlaim agus le teagasc. Cuireann an cúrsa samplaí praiticiúla ar fáil do mhúinteoirí maidir le réamhchúram faoi shábháilteacht ar an idirlíon laistigh dá n-ábhair féin. Cabhraíonn sé le múinteoirí feidhmiú le treoracha faoi dhea-chleachtas agus cuireann sé straitéisí ar fáil do mhúinteoirí a laghdóidh an baol nuair atá an t-idirlíon á úsáid sa timpeallacht scoile.
Fad an chúrsa is ea 20 uair an chloig ach is féidir é a bhriseadh síos i modúil níos lú a leanann idir dhá uair an chloig go cúig uaire an chloig.

2. CEARDLANNA TACAÍOCHTA BEBO

Ceardlann dhá uair go leith atá anseo. Tá sé dírithe ar bhunmhúinteoirí agus ar iarbhunmhúinteoirí; spreagann sé cur chuige teagmhálach ina dtéann rannpháirtithe arlíne agus foghlaimíonn siad conas suíomh idirlín líonraithe sóisialta Bebo a úsáid. Forbraíodh é ón aiseolas a tháinig ó mhúinteoirí i Samhain 2007, a léirigh ceisteanna sábháilteachta ar an idirlíon, a bhí ag déanamh tinnis dóibh, go háirithe maidir le líonrú sóisialta. Tá na hábhair don cheardlann bunaithe ar cheann de na modúil faoi shábháilteacht ar an idirlíon.

Ba iad na topaicí a clúdaíodh sna ceardlanna ná:

- Cad is Bebo ann?
- Próifíl phearsanta a chruthú agus ábhar a chur leis
- Próifíl Bebo a chumrú agus gnéithe sábháilteachta a chur i bhfeidhm
- Cairde a dhéanamh agus tuairimí a chur in iúl
- Ag iniúchadh gníomhaíochtaí an tseomra ranga atá réamhullmhaithe agus acmhainní do mhúinteoirí atá ag freagairt do na ceisteanna a bhaineann le líonrú sóisialta na mac léinn.

3. BUN-MHODÚIL THOSAIGH TFC

D'fhorbair an NCTE ceithre ghearrchúrsa tosaigh i bhfoirm modúl i scileanna TFC a bheadh oiriúnach do bhunmhúinteoirí agus do mhúinteoirí iarbhunscoile agus a bhféadfaí iad a chur ar fáil mar mhodúil ar leith nó curtha isteach mar chuid de chlár forbartha gairmiúil do mhúinteoirí. Leanann na modúil ar feadh idir 2.5 – 5 uaire an chloig agus tá siad curtha in oiriúint do ghearr-sheisiúin thacaíochta um thráthnóna.

Forbraíodh na ceithre mhodúl mar seo:

- Ag cruthú Taispeántais Léiriúcháin agus Bileoga Oibre le TFC
- Ag cur PCnna agus Bainistíocht ar Chomhaid in aithne
- Ag cur na Meáin Dhigiteacha in aithne
- Ag cur Idirlíon agus Ríomhphost in aithne.

4. MODÚIL PHARAIMÉADRACHA CAD 1, 2 AGUS 3

D'fhorbair an NCTE modúil pharaiméadracha CAD i gcomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta Teicneolaíochta T4 agus leis na Líonraí Gairmiúla don Mhúinteoir Teicneolaíochta (LGMT), a dhéanfaidh comhlánú agus a chuirfidh leis an gclár inseirbhíse T4 do mhúinteoirí atá ag teagasc na siollabas leasaithe sa Teicneolaíocht Ailtireachta, Dearadh agus Graificí Cumarsáide agus Teicneolaíocht Innealltóireachta agus sa nua- ábhar Teicneolaíochta ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

Cuireadh deis ar fáil do mhúinteoirí a bhí ag freastal ag an gclár inseirbhíse san fhorbairt ghairmiúil a léiriú má bhí suim acu freastal ar thraenáil TFC de chuid an NCTE ina gcuid ama féin. Léirigh múinteoirí teicneolaíochta an-suim sna cúrsaí seo:

(1) Bun-chúrsaí i scileanna TFC (mar mhodúil faoi 3 thuas)

(2) Deiseana forbartha gairmiúla i réimse CAD Paraiméadrach chomh maith leo siúd a chuir T4 ar fáil.

Chun déileáil le mír 2, d'oibrigh an NCTE le t4 agus le LGM sa Teicneolaíocht chun trí mhodúl nua bunaithe ar an CAD Paraiméadrach a dhearadh agus a chur ar fáil.
Leanann gach modúl ar feadh 10 nuaire an chloig agus cuirtear ar fáil é i gceithre sheisiún de 4 x 2.5 uair an chloig um thráthnóna.

- Modúl 1 – tá sé dírithe ar mhúinteoirí gan puinn taithí acu ar TFC. Bunchúrsa i mbogearraí CAD Solidworks a bhfuil TFC bunúsach ann is ea é.
- Modúl 2 – déanann sé iniúchadh ar bhunús Solidworks le múinteoirí a bhfuil eolas réasúnta acu ar TFC.
- Modúl 3 – déanann sé forbairt ar scileanna Solidworks múinteoirí le béim ar eagarthóireacht agus ar oiriúnú ábhair.

Toisc go raibh na modúil seo nasctha go díreach leis an gcuraclam nua agus le clár inseirbhíse T4, bhí an-éileamh ar na modúil seo le breis is 1,000 ionad traenála curtha ar fáil trí ghréasán na n-ionad oideachais in 2007.

5. CUMANN MÚINTEOIRÍ ÉIREANN (CMÉ) – CULTÚR EFHOGHLAMA I DO SCOIL A FHORBAIRT (CÚRSA ARLÍNE)

Mar chuid de chlár samhraidh CMÉ do 2007, forbraíodh an cúrsa thuas. Díríonn sé ar acmhainní arlíne a iniúchadh agus a aithint, ag baint úsáide as agus ag cruthú ábhair dhigitigh agus ar bhogearraí atá oiriúnach do chúrsaí oideachais. Chomh maith leis sin déanann sé iniúchadh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cláir bhána mar áis oideachais. Beidh thart ar 20 uair an chloig sa chúrsa seo agus ta sé dírithe ar bhunmhúinteoirí a bhfuil dea-scileanna TFC agus nasc leathanbhanda acu.

6. CLÁR TRAENÁLA LUATH-FHOGHLAMA KIDSMART AGUS SHRÁIDBHAILE FOGHLAMA

Bhí comhoibriú idir an NCTE agus IBM ar Chlár Luathfhoghlama Kidsmart ó 2000 anall. Is é atá sa chlár ná ionaid ríomhairí luathfhoghlama Kidsmart Young Explorer atá deartha go speisialta a sholáthar do leanaí idir 3 agus 7 mbliana d'aois i scoileanna roghnaithe, traenáil mhúinteoirí, suíomh idirlín le tacaíocht ó thuismitheoirí agus ó mhúinteoirí a sholáthar agus fáil a bheith ag múinteoirí ar fhóram agus ar stór arlíne agus comhoibrithe Sráidbhaile Foghlama Riverdeep. Ceann de na feidhmeanna atá ag an NCTE sa pháirtíocht seo is ea deiseanna traenála a sholáthar do mhúinteoirí sna scoileanna rannpháirteacha. In 2007 forbraíódh clár traenála do mhúinteoirí sna bunscoileanna a ghlacann páirt i gClár Luath-Fhoghlama Kidsmart.
Is iad aidhmeanna an chúrsa ná:

- Ligint don mhúinteor comhtháthú a dhéanamh idir TFC agus Kidsmart mar chuid den Luath-Oideachas.
- Ligint don chomhoibriú tarlú i bpobal oideachais Luathfhoghlama Kidsmart ag baint úsáide as Sráidbhaile Foghlama Riverdeep.
- Straitéisí foghlama a fhorbairt chun cur leis an mbuntáiste atá le baint as clár Luathfhoghlama Kidsmart sa seomra ranga.

Cuireann an cúrsa 20 uair an chloig comhairle, deiseanna agus straitéisí ar fáil do mhúinteoirí ionas gur féidir leo comhtháthú a dhéanamh idir Aonad Foghlama Kidsmart agus an seomra ranga. Is féidir é a bhriseadh síos i modúil níos giorra, a chuirfear ar fáil mar chúrsa oíche i rith an téarma.
Rinneadh cúrsa píolótach arlíne den chúrsa i samhradh 2007.

7. **SUÍOMH GRÉASÁIN SCOILE A CHRUTHÚ LE WEBSITE X5**
Ag leanúint ar aghaidh ó thionscadal Website Lárionad Bogearraí Cúig Chéim NCTE in 2006 ina raibh 25 scoil páirteach, a bhain úsáid as bogearraí Website X5 chun suíomh gréasáin scoile a chruthú agus chun luacháil a dhéanamh ar na buntáistí a chuir na bogearraí seo ar fáil mar uirlis forbartha shuíomh gréasáin, chuir an NCTE ceadúnas suímh ar fáil do gach Ionad Oideachais lán-aimseartha do na bogearraí seo. Bhí an t-aiseolas ón tionscadal an-dearfach. Dúirt na rannpháirtithe go raibh sé an-éasca agus go raibh costas réasúnta ag baint leis na bogearraí d'fhorbairt shuíomh gréasáin scoile. Dá dheasca, chuir mórán Ionad Oideachais cúrsaí ar siúl maidir le suíomh gréasáin scoile a chruthú i gcúig chéim bheaga i rith 2007 agus bhí an-éileamh orthu.

Athbhreithniú Chúrsaí

Déanann an NCTE athbhreithniú ar chúrsaí go rialta ionas gur féidir leo a bheith nua-aimseartha agus réalach. In 2007 rinneadh athbhreithniú agus leasú ar na cúrsaí seo a leanas:

1. An tIdirlíon: Cúrsa Teagaisc agus Foghlama Arlíne
2. TFC mar Acmhainn Teagaisc agus Foghlama
3. Cúrsa ar an Idirlíon agus ar Ríomhphost le haghaidh foghlama.

Forbairt Ghairmiúil TFC agus Riachtanais Speisialta Oideachais

Lean an NCTE le seacht gcúrsa speisialta do mhúinteoirí agus do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais. Ritheadh 46 cúrsa TFC agus Riachtanais Speisialta agus 12 Grúpa Tacaíochta do riachtanais Speisialta in 2007. Ghlac 727 páirt sna cúrsaí.

Forbairt Ghairmiúil Don Teagascóir

Ceann de phríomh-ghníomhaíochtaí an NCTE is ea earcaíocht agus soláthar fhorbairt ghairmiúil do theagascóirí. Cuireann an NCTE traenáil chuimsitheach ar fáil do theagascóirí sna cúrsaí nua agus do mhór-leasuithe sna cúrsaí. In 2007, bhí na cúrsaí seo ar fáil san fhorbairt ghairmiúil do theagascóirí:

- Forbraíodh clár forbartha gairmiúil do theagascóirí agus cuireadh ar fáil é thar 4 lá do 34 teagascóir ag an am céanna ar forbraíodh cúrsa sábháilteachta nua ar an idirlíon.
- Chun an cúrsa idirlín, 'An tIdirlíon: Acmhainn Teagaisc agus Foghlama' a éascú, cuireadh dhá shaotharlann forbartha ghairmiúil san etheagasc ar siúl in Earrach 2007 agus roimh chúrsa Samhraidh 2007, cuireadh gníomhaíochtaí i bhforbairt ghairmiúil an teagascóra ar siúl. Bhí 21 etheagascóir i láthair, ina measc 17 etheagascóir nua-earcaithe.
- Ghlac 41 teagascóir páirt in dhá lá traenála d'fhorbairt ghairmiúil an teagascóra do mhodúil Paraiméadracha 1 agus 2 den CAD. D'eagraigh foireann tacaíochta T4 agus Gréasáin Ghairmiúla an Teagascóra Theicneolaíochta é.
- Forbraíodh clár traenála teagascóra trí lá do thionscadal FIS. Ghlac 18 teagascóir FIS páirt sa traenáil seo i nDeireadh Fómhair 2007. Múinteoirí a d'fhreastail ar thraenáil FIS go háitiúil ba ea na teagascóirí, a bhí ag cur modheolaíocht FIS i bhfeidhm ina scoileanna féin.

- Chun tacú le cúrsa Luathfhoghlama Kidsmart, cuireadh cúrsa forbartha gairmiúil teagascóra ar fáil do 16 teagascóir.
- I gcomhar le Cumann Múinteoirí Éireann, fuair 10 eteagascóir forbairt ghairmiúil chun iad a ullmhú ionas go bhféadfaidís cúrsa arlíne nua Scoile san Fhorbairt agus sa Chultúr eFhoghlama a éascú.

Foilsíodh 'The *Tutor News'*, nuachtlitir an NCTE le haghaidh teagascóirí an NCTE trí huaire in 2007. Cuireadh mír an teagascóra ar shuíomh gréasáin an NCTE suas chun dáta agus rinneadh cothabháil air i rith 2007 chun eolas agus acmhainní faoi chúrsaí ar leith a chur ar fáil chomh maith le hacmhainní ginearálta do theagascóirí mar léiriúcháin theimpléid PowerPoint, nodanna eteagaisc agus míreanna físe digiteacha d'úsáid TFC i seomraí ranga.

Cúrsaí Samhraidh

Lean an NCTE ag obair le páirtithe oideachais eile chun cúrsa samhraidh TFC a chur ar fáil. Bhí an-éileamh ar chúrsaí samhraidh i measc bunmhúinteoirí.

Chuir an NCTE agus CMÉ dhá chúrsa ar siúl i gcomhar le chéile:
1) Ag úsáid TFC mar Acmhainn Teagaisc agus Foghlama
2) Ag forbairt Chultúr eFhoghlama i do Scoil (féach cuid 5 thuas)

I mí Iúil agus Lúnasa 2007, ghlac 400 bunmhúinteoir páirt i gcomhchúrsaí NCTE/CMÉ ar fud na tíre.

Cuireadh cúrsaí, a bhí maoinithe ag NCTE ar siúl, chomh maith i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach. Ba iad na cúrsai a bhí maoinithe ná:
- Cláir Bhána Idirghníomhacha sa Seomra Ranga Bunscoile (20 páirteach)
- Acmhainní Idirlín don Seomra Ranga Bunscoile – arlíne (100 páirteach)

Cúrsaí Arlíne

Bhí cúrsa arlíne NCTE: 'An tIdirlíon': Acmhainn Teagaisc agus Foghlama' ar siúl in Earrach, Samhradh agus Fómhar 2007. Ghlac 495 múinteoir páirt sa chúrsa. Cuireadh an cúrsa chun cinn i gcomhar le Forbairt Chinnireachta do Scoileanna (FCS) i bhFómhar 2007 agus cuireadh é ar fáil do na príomhoidí ar chláir LDS.

Rinneadh córas clárúcháin chúrsa arlíne agus cuireadh i bhfeidhm é chun bainistiú a dhéanamh ar áirithintí do chúrsaí arlíne NCTE.

Gníomhaíocht Tionscnaimh

Cuireann suíomh gréasáin an NCTE eolas cuimsitheach ar fáil ar réimse iomlán chúrsaí forbartha gairmiúla TFC, atá ar fáil do mhúinteoirí agus atá maoinithe ag an NCTE. Tá liosta iomlán de chúrsaí TFC, atá ar fáil chomh maith le sceideal na gcúrsaí atá ar fáil gach téarma sna hionaid oideachais ar an suíomh gréasáin: www.ncte.ie/ICCTraining/CourseSchedule/.

Chomh maith leis sin, cuireadh bileoga ag tabhairt poiblíochta do chúrsaí NCTE chuig gach scoil dara leibhéal sa tír agus chuig gréasán na n-ionad oideachais, i dtéarmaí an Earraigh agus an Fhómhair 2007.

Tugadh poiblíocht do chúrsaí TFC an NCTE d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí in irisí oideachasúla mar NCTEuch agus Astir.

Rinneadh taispeántais de thionscnaimh CPD an NCTE do mhúinteoirí ag Grúpa Ionadaíoch na gCumann Ábhair agus ag an Lárionad Náisiúnta don Treoir san Oideachas.

Chun poiblíocht a thabhairt don chomhoibriú le T4 agus le TPN Teicneolaíoch, dearadh agus cuireadh bileog phoiblíochta ar leith i gcló do na modúil thosaigh den TFC nua

agus do mhodúil Pharaiméadracha CAD. Scaipeadh na bileoga seo ag laethanta inseirbhíse T4 trí ghréasáin an Ionaid Oideachais agus mar chuid de liosta seoltaí bhallraíocht Teicneolaíoch TPN agus cláir chomhdhála.

SCOILNET

Tá tionscnamh Scoilnet dírithe ar chur chun cinn agus ar úsáid ábhair arlíne agus seirbhísí foghlama agus teagaisc. I gcroílár an tionscnaimh is ea forbairt shuíomh gréasáin Scoilnet (www.scoilnet.ie); forbairt agus cothabháil shuíomh gréasáin NCTE; tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt shuíomhanna gréasáin gairmiúla agus tacaíochta curaclaim; agus tacaíócht a thabhairt do shuíomhanna gréasáin scoile.
Tugadh 1.27 milliún cuairt ar Scoilnet, an tairseach d'oideachas na hÉireann, i rith na bliana – méadú de 200,000 ar an mbliain roimhe. Le linn na gcuairteanna seo ar ar suíomh, tugadh cuairt ar bhreis is 11,000 leathanach.



Saineolaithe Ábhair

Déanann saineolaithe abhair Scoilnet (SÁS), aimsiú, léirmheas agus rangú ar acmhainní arlíne de reir churaclam na hÉireann. Cuirtear traenáil leanúnach, tacaíocht agus comhairle ar fáil do na FBMnna [Fiontair Bheaga is Meánacha] chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn caighdean ard san ábhar agus sa léirmheas. Cuid bhunúsach d'obair FBM is ea monatóireacht a dhéanamh ar na hacmhainní reatha chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn siad réalach.
In 2007 leanadh an 'modh foirne' in ar oibrigh trí nó ceithre FBM i gcomhar le chéile maidir le hábhar amháin i dtrí réimse mhór-ábhar. Ba iad na hábhair a bhí i gceist ná Bearla; Gaeilge; Mata; Stair SESE; Tíreolas SESE; Eolaíocht SESE; Drámaíocht do bhunscoileanna agus Mata; Gaeilge; Béarla; Tíreolas; Oideachas Reiligiúnach; Eolaíocht; Spáinnis; Eacnamaíocht; Staidéar Gnó do scoileanna iarbhunoideachais. Dá dheasca seo, bhí méadú mór i líon na n-acmhainní sna réimsi ábhair seo agus méadú ar chuairteanna ar na hábhair seo. San iomlán d'oibrigh 30 múinteoir (18 múinteoir iarhunoideachais; 13 múinteoir bunoideachais) go páirtaimseartha agus chríochnaigh siad 46 conradh mar shaineolaithe Ábhair. Bhí méadú 2,354 ar líon na n-acmhainní a ndearnadh léirmheas orthu laistigh den Aimsitheoir Acmhainne chun suim iomlán de 9,947 a dhéanamh faoi dheireadh na bliana.

Forbairtí Láithreán

Chruthaigh FBMnna leathanaigh théime, crosfhocail agus tráthanna ceiste agus tá siad ar na leathanaigh is mó a mbreathnaítear orthu ar Scoilnet i gcónaí. D'fhorbair FBMnna roinnt 'Image Explorers' idirghníomhacha do Ghaeilge bunscoile trí uirlis 'Magic Studio' (TM) agus tá tionscnaimh fhoghlama nua beartaithe do 2008.

Seoladh seirbhís e-litreach Scoilnet in Eanáir 2007 le trí nuachtlitir ar leith dírithe ar bhunmhúinteoirí, ar iar-bhunmhúinteoirí agus ar dhaltaí iarbhunscoile. Seoltar nuachtlitreacha uair sa choicís chuig breis is 700 síntiúsóir agus chuig gach scoil.

Tugann mír Sár-Shuíomhanna www.scoilnet.ie/schoolsonline aitheantas do shuíomhanna gréasáin scoileanna a fhorbraítear agus a léiríonn dea-chleachtas. Bhí béim curtha ar 43 suíomh gréasáin scoileanna i gcartlann na 'sár-shuíomhanna' faoi dheireadh na bliana. Tugadh spás eagarthóirtheachta in iris In Touch agus bhain sé úsáid as chun poiblíocht a thabhairt do na hacmhainní ba mó a mbreathnaíodh orthu atá ar fáil tríd an suíomh, na suíomhanna ab fhearr le múinteoir ar leith agus 'sár-shuíomh' scoile.
Thar an mbliain, freagraíodh 938 aighneacht a dúirt 'déan teagmháil linn' nó gníomhaíodh orthu.

Ábhair Thagartha

Chuir an NCTE próiseas soláthair i bhfeidhm chun teacht ar ábhair thagartha arlíne. I measc na gcatagóirí ábhair a aithníodh, bhí ciclipéid, foclóirí, stórchistí, léarscáileanna, acmhainní na meán agus ábhar eile a thacaíonn le curaclam an bhunoideachais agus an iarbhunoideachais. Beidh an t-ábhar ar fáil i bhfoirm téacs, grafach, formáid fuaime agus físe agus beidh sé ar fáil arlíne do scoileanna sa Ghréasán Leathanbhanda do Scoileanna.
Cuireadh foirmeacha comhlánaithe don Chuireadh Tairiscinte ar eTenders i mí Lúnasa. Faoin spriocdháta do na tairiscintí, bhí ceithre sholáthróir cuibhreannais tar éis tairiscintí a dhéanamh. Rinneadh luacháil airgeadais, teicniúil agus eacnamaíoch agus rinne foireann múinteoirí luacháil oideolaíoch iomlán roimh dheireadh na bliana. Rinneadh moltaí don Roinn Oideachais is Eolaíochta in Eanáir 2008.

Tionscnamh Meiteashonraí an AE

D'oibrigh an NCTE le 13 Aireacht oideachais Eorpacha chun caighdeáin mheiteashonraí agus córais Web 2 chun ábhar oideachais a roinnt idir múinteoirí agus foghlaimeoirí ar fud na hEorpa. a fhorbairt. Tionscadal ábharshaibhrithe atá tógtha ar ailtireachtaí teicniúla reatha chun gréasán de thaisceadáin ábhar ionas gur féidir le foghlaimeoirí agus le múinteoirí 'cuardach cónaidhme' a dhéanamh chun teacht ar ábhar is ea EMFT (Eiceolaíocht Mheiteashonraí don Fhoghlaim agus don Teagasc).
I rith 2007,d' aontaigh na páirtithe faoin scéim mheiteashonraí dheireanach agus cuireadh i bhfeidhm é ar acmhainní uile Scoilnet. Cuireadh naisc mheiteashonraí do 1,350 acmhainn de chuid Scoilnet isteach san Acmhainn Iamhchríche Foghlama (AIF) agus aistríodh go Gaeilge agus go Spáinnis iad.
Bhí léirmheas Eorpach ar an tioncadal dearfach go dtí an pointe seo agus in 2008, tá sé beartaithe suíomh gréasáin Scoilnet a nascadh leis an stór meiteashonraí.

An Tionschamh "Fón"

Cuireadh FTCG, tionscadal píolótach, a dhéanann iniúchadh ar úsáid TFC chun foghlaim, teagasc agus measúnú ar Ghaeilge Labhartha a fheabhsú i scoileanna iarbhunoideachais ar siúl thar tréimhse deich seachtaine, a chríochnaigh i mBealtaine 2007. Rinne an Chomhairle Náisiúnta um Churaclam agus Measúnú, i bpáirt leis an NCTE agus le coiste comhairleach beag ina raibh ionadaithe de NCTE, , CNCM, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Foras na Gaeilge, Coláiste Ráth Tó agus Learnosity, forbairt agus bainistiú air.

Baineadh úsáid as fóin phóca, ríomhairí glúine, an tIdirlíon agus feidhm chomhrá bunaithe ar théacs le 72 dalta dara bliain agus triúr múinteoirí i gColáiste Ráth Tó. Bhí an tionscadar bunaithe ar an úsáid a bhain daltaí as fóin phóca chun glaonna a dhéanamh ar chóras uathoibríoch agus chun freagra a thabhairt ar nodanna, a chlúdaigh mórán ábhar laistigh de churaclam an Teastais Shóisearaigh. D'úsáid múinteoiri ríomhairí glúine chun íoslódáil a dhéanamh ar fhreagairt daltaí chun aiseolas

bunaithe ar chóras marcála an Teastaigh Shóisearaigh a thabhairt. Chuir múinteoirí focail aibítre agus nathanna cainte trí mheán SMS laethúil chuig daltaí agus ghlacadar páirt i gcomhráite maoirsithe, a bhí bunaithe ar an ngréasán idirlín.

Rinneadh luacháil ar an tionscadal go hinmheánach trí cheistneoirí a tugadh do mhúinteoirí agus do mhic léinn, trí dhialanna athmhachnamha múinteoirí agus trí anailís ar an gcostas. Dá dheasca, cuireadh moladh le chéile do thionscadal Céim 2 do 2008. Sa mholadh seo leanfar leis an tionscadal ar scála níos mó ina mbeidh sé scoil agus 400 mac léinn san áireamh.

Timpeallacht Foghlama Fhíorúil

Lean an NCTE ag baint úsáide as Timpeallacht Foghlama Fhíorúil (TFF) saincheaptha, a d'fhorbair Fronter. Is é príomh-aidhm bhogearraí TFF ná cabhair a thabhairt do mhúinteoirí cúrsaí oideachais arlíne a bhainistiú.
Ba é Forbairt Chinnireachta do Scoileanna (FCS) an chéad tionscnamh ar cuireadh TFF ar fáil dó agus leanadar ag baint úsáide as an gcóras. Rinneadh uasghrádú, le breis feidhmiúlachta, ar an gcóras, don chlár forbartha gairmiúil do bhainistíocht scoile. Baineann thart ar 3,000 ceannaire scoile úsáid as an TFF agus úsáideann 400 eile timpeallacht Fronter do chúrsa arlíne NCTE agus do ghníomhaíochtaí éagsúla.

Tíreolas

Coimeádadh suíomh gréasáin do Thacaíocht Tíreolais ag www.scoilnet.ie/geography mar phointe tagartha don traenáil inseirbhíse a cuireadh ar fail do mhúinteoirí ábhair don Ardteist. Coimeádadh naisc le roinnt seisiún inseirbhíse suas chun dáta chun deis a thabhairt do mhúinteoirí tagairt a dhéanamh do leaganacha arlíne PowerPoint agus do dhoiciméid a taispeánadh le linn sheisiúin thraenála.
Cuireadh 169 acmhainn bhreise leis chun cur leis an Aimsitheoir Acmhainn Tíreolais sa tslí go raibh 504 acmhainn, a raibh léirmheas déanta orthu, san Aimsitheoir Acmhainn Tíreolais faoi dheireadh na bliana. Rinneadh 9,066 cuairt ar an suíomh (méadú ó 5,012 an bhliain roimhe).

Fraincis

Suíomh tairsigh is ea French.ie a chruthaigh múinteoirí Fraincise do mhúinteoirí Fraincise in Éirinn. Cuid de thairseach Scoilnet is ea é. Tá ionadaithe ag an gcoiste stiúrtha ó eagraíochtaí atá bainteach le foghlaim na Fraincise, an NCCA (Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta), An Chigireacht, Cumann na Múinteoirí Fraincise agus an earnáil tríú leibhéal. Rinneadh ceithre chonradh SME i rith na bliana; rinneadh 136 léirmheas eile (651 san iomlán) ar shuíomhanna gréasáin le haghaidh cleachtais sa seomra ranga. Bhí trácht leanúnach ar an suíomh i rith an téarma scoile agus rinneadh taifeadadh ar 40,372 cuairt (meadú ó 28,712 cuairt in 2006). Úsáideann an pobal an fóram ar an suíomh chun plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le múineadh na Fraincise. Rinneadh 14,819 radharc ar 24 post i rith 2007. Dearadh póstaer chun poiblíocht a thabhairt don suíomh in 2007 ionas go ndeanfaí é a chur ar fáil go luath in 2008.

Suíomh Idirlíon NCTE

Tugann suíomh gréasáin NCTE eolas cuimsitheach, tacaíocht agus comhairle ar TFC san oideachas. Gné choitianta is ea Nuachtlitir NCTE, a chuirtear chuig breis is 3,000 síntiúsóir go míosúil. Tugann an nuachtlitir poiblíocht do ghníomhaíochtaí NCTE agus do thopaicí tráthúla maidir le TFC san oideachas. Tá sean-chóipeanna de Nuachtlitreacha NCTE ar fáil arlíne ag www.ncte.ie/news.



Nóta: Tá trácht uathoibrithe san áireamh sna figiúirí seo

Mar chuid de mhór-athnuachan, d'aistrigh an NCTE a sheirbhís phoist chuig freastalaí nua i Lúnasa 2007 agus thosaigh sé ag pleanáil chun gach suíomh gréasáin óstaithe a aistriú chomh maith le roinnt suíomh gréasáin de chuid an NCTE chuig freastalaí nua in 2008. Cuireann an freastalaí nua breis spáis ar fáil do ríomhphost agus d'óstáil shuíomh gréasáin. In 2007, chomh maith, d'aistrigh an NCTE 4 bhalla dóiteáin chun feabhas a chur ar shlándáil fhreastalaithe an NCTE agus ar bhonneagar an ghréasáin. Cuireann an NCTE óstáil ghréasáin anus ríomhphoist saor in aisce ar fáil do bhreis is 50 eagraíocht oideachais in Éirinn, roinnt Ionad Oideachais, Cumann Ábhar agus tionscadail na Roinne Oideachais agus Eolaíochta san áireamh.

SLÁNDÁIL AR AN IDIRLÍON

AG CUR ÚSÁID NÍOS SÁBHÁILTE AR AN IDIRLÍON CHUN CINN

Sampla 1: “De dheasca shuíomhanna Líonraithe Sóisialta, tá borradh faoi chruthaíocht, ach is gá go mbeidh daoine óga i gceannas. Má thugtar an iomarca eolais phearsanta amach, méadaítear an baol do dhaoine óga”.

An tAire Oideachais agus Eolaíochta
Mary Hanafin T.D.

Is é Webwise.ie tionscnamh an NCTE maidir le Sábháilteacht ar an Idirlíon. Cuireann sé acmhainní oideachais, comhairle agus eolas faoin mbaol a d’fhéadfadh a bheith ag baint le húsáid an Idirlín ar fáil do mhúinteoirí, páistí agus tuismitheoirí. Trí mheán chláir oideachais, traenáil mhúinteoirí agus tionscnaimh feasachta, tugann sé an acmhainn do pháistí agus do dhaoine óga a bheith féinrialaithe agus a bheith freagrach mar úsáideoirí an Idirlín. Déanann webwise taighde maidir leis an úsáid a bhaineann páistí as an Idirlíon, déanann sé monatóireacht ar chlaontaí nua atá ag teacht chun cinn agus déanann sé iarracht feidhm dhearfach an Idirlín san oideachas a neartú. Is é webwise nód feasachta Shábháilteacht Idirlín na hÉireann de chuid Insafe, gréasán Idirlíon Sábháilte Eorpach. Trí mheán an ghréasáin seo, roinneann an NCTE, trí webwise dea-chleachtas, eolas agus acmhainní le páirtithe Eorpacha.

Feachtas Trí Phointe Webwise 2007

D’fhorbair webwise Feachtas Sábháilteachta Idirlín trí phointe do 2007 agus dhírigh sé a hábhair feasachta agus acmhainní ar scoileanna agus ar mhúinteoirí ionas go bhféadfaí an teachtaireacht shábháilteachta a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí, chomh maith.

Sábháilteacht Idirlín Agus An Gréasán Sóisialta

Bhí buaic-chéim ag an gcéad chuid den fheachtas nuair a sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, T.D. Lá Eorpach d’Idirlíon Níos Sábháilte 2007 d’Fheachtas Watchyourspace.ie. Tá an feachtas dírithe ar pháistí idir 10 – 16 agus ar dhéagóirí agus tá sé mar aidhm aige cabhrú le múinteoirí agus le scoileanna chun déileáil leis na ceisteanna sábháilteachta a ardaítear de dheasca teacht na suíomhanna gréasáin shóisialta, líonrú sóisialta agus Web 2.0.

Sheol an tAire Hanafin suíomh chomhairle déagóra agus atreoraithe www.watchyourspace.ie atá nasctha le líne chabhrach childline chun cabhrú le páistí agus le déagóirí cúnamh agus tacaíocht a fháil. Rinne webwise traenáil ar oibrithe deonacha Childline chun cabhrú leo déileail le ceisteanna agus fadhbanna páistí agus daoine óga maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an nua-theicneolaíocht agus as an Idirlíon.

Seolann an tAire Oideachais, Mary Hanafin, T.D. www.watchyourspace.ie

I Márta, dáileadh Pacáiste Oideachais faoi Shábháilteacht ar an Idirlíon de chuid Webwise ar gach bunscoil agus iarbhunscoil sa tír. Bhí na nithe seo a leanas sa Phacáiste Oideachais faoi Shábháilteacht ar an Idirlíon;
Leabhrán Eolais agus Comhairle do Scoileanna de chuid webwise,
Suirbhé Webwise (2006) maidir leis an Úsáid a bhaineann Páistí as an Idirlíon,
Acmhainní Surfwise sa Seomra Ranga,
10 nod webwise do thuismitheoirí agus an dá phóstaer watchyourspace.ie - Póstaeir TextBully agus Post Once/Online Forever.



Sampla 2: póstaeir watchyourspace roghnaithe mar dhea-acmhainn chun aire na ndéagóirí a tharraingt. Gréasán InSafe 2007.

Fuair an feachtas an-phoiblíocht sna meáin agus i Mean Fómhair 2007, roghnaíodh póstaeir shoiléire *Watchyourspace* mar dhea-acmhainn chun aird na ndéagóirí a tharraingt. Ba é Safer Internet Network, Insafe a roghnaigh na póstaeir ag an gcruinniú cinnbhliana.

Roghnaíodh webwise mar ionadaí Choimisiún na hEorpa agus an Tionscadail Safer Internet i Rio de Janeiro i Samhain 2007 ag Fóram Rialachais Idirlín le feachtas Watchyourspace. Aithníodh an feachtas mar shampla den dea-chleachtas san Eoraip i gCosaint an Linbh agus mar dhea-shampla den tuiscint ar Shábháilteacht Idirlín a ardaíodh ag an bhFóram Domhanda.

Sábháilteacht Ar an Idirlíon Sa Seomra Ranga

Bhí an dara gné d'fheachtas Webwise 2007 dírithe ar an acmhainn a thabhairt do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile chun an tIdirlíon a chomhtháthú lena gcláir theagaisc agus foghlama. Thionscain agus chruthaigh webwise //Sábháilteacht Idirlín a Chomhtháthú leis an Teagasc + Foghlaim (Integrating Internet Safety NCTE Teaching + Learning)// – cúrsa Sábháilteachta Idirlín do mhúinteoirí chun cabhrú le múinteoirí i gcosaint a gcuid mac léinn nuair a bhíonn na teicneolaíochtaí nua á n-úsáid.

Sampla 3: "Is ceart gach múinteoir a chur ar an eolas faoi ábhar an chúrsa seo". Teacher – Iúil 2007



Sampla 4: "Cúrsa an-úsáideach agus praiticiúil, gníomhaíochtaí soláimhsithe maidir le polasaithe Úsáide Inghlactha." Múinteoir, cúrsa an Iúil, 2007

Is é atá sa chúrsa 'Forbairt Ghairmiúil Leanúnach' ná lámhleabhar traenála agus leabhar acmhainne, //Sábháilteacht ar an Idirlíon a Chomhtháthú le Teagasc agus Foghlaim// le CD ROM agus suíomh gréasáin ag tacú leis: www.webwise.ie/LearningResources.

Múinteoirí-Teagascóirí Bunscoile agus Iarbhunscoile in Áth Luain ag fáil traenála sa Chúrsa Nua ar Shábháilteacht ar an Idirlíon, Bealtaine 2007.

Sampla 5: Ag moladh don tuismitheoir agus don leanbh teachtaireachtaí Shábháilteacht Idirlín a fhoghlaim le chéile.

Acmhainní Foghlama Webwise

Mar chuid de bhailiúchán acmhainní //Comhtháthí idir Sábháilteacht ar an Idirlíon + Foghlaim (Integrating Internet Safety NCTE Teaching + Learning)// d'oibrigh Webwise i rith 2007 le Grúpaí Tacaíochta in Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) chun ceachtanna agus gníomhaíochtaí ranga a thógáil a bhí bunaithe timpeall ar eochair-theachtaireachtaí faoi Shábháilteacht ar an Idirlíon mar chuid d'Fheachtas Watchyourspace.ie. Tá na teachtaireachtaí curtha mar chuid den churaclam agus baineadh triail astu agus rinneadh luacháil orthu i seomraí ranga i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair 2007. Tá an modúl ar Shábháilteacht ar an Idirlíon, atá mar chuid den Teastas Sóisearach //Be Safe _Be Webwise// ar fáil ag www.webwise.ie/LearningResources, agus beidh sé mar chuid de sceideal an earraigh sa traenáil inseirbhíse do mhuinteoirí OSPS, san iarbhunscoil agus seoladh é ar Lá Sábháilteachta ar an Idirlíon [Safer Internet Day 2008].

Baineann Ceachtanna nua Idirghníomhacha Chatwise, a seoladh i Márta 2007, go díreach le ceisteanna sábháilteachta ar shuíomhanna teagmhála do leanaí idir 7 – 11. Chun dul leis na ceachtanna idirghníomhacha, cruthaíodh sraith gníomhaíochtaí atá ullamh don seomra ranga agus d'obair aslíne agus bhí gníomhaíochtaí le déanamh sa bhaile a spreagfadh an tuismitheoir agus an páiste chun plé a dhéanamh ar theachtaireachtaí faoi Shábhailteacht ar an Idirlíon le chéile.

Sábháilteacht Ar an Idirlíon Agus Tuismitheoirí

Don tríú céim agu an chéim dheireanach d'fheachtas faoi Shábháilteacht ar an Idirlíon 2007, d'oibrigh Webwise i gcomhar le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunscoile chun déileáil le riachtanais tuismitheoirí a bhí ag lorg eolais agus tacaíochta maidir le ceisteanna faoi Shábháilteacht ar an Idirlíon.
Seoladh seimineáir //: Webwise_Parents :// i Meán Fómhair 2007 agus is féidir le scoileanna Taispeántas ar Shábháilteacht ar an Idirlíon a chur in áirithe ach teagmhail a dhéanamh le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunscoile.
Sampla 6: //:Webwise Parents:// - Seimineár faoi Shábhailteacht ar an Idirlíon do chruinnithe Tuismitheoirí um Thráthnóna.

//: WEBWISE_PARENTS ://

AN INTERNET SAFETY SEMINAR FOR PARENTS' EVENINGS

The National Centre for Technology in Education in collaboration with The National Parents Council will provide an Internet Safety Seminar for a Parents' Evening in your school.

//: WEBWISE_PARENTS ://: Seminars are offered free to schools to enable the discussion of -

- the use of social networking sites for fun and socialising
- children and young people's personal safety issues when using social networking sites and Instant Messenger
- the potential risks in disclosing personal information online and the posting of inappropriate photos
- procedures for protecting personal safety and security when online

Booking Forms available from:
The National Parents Council
Web: www.npc.ie Tel: 01 887 4475 Email: training@npc.ie Fax: 01 887 4489

NCTE
ICT in Schools Programme: W: www.ncte.ie T: 01 7008200
Internet Safety: W: www.webwise.ie E: internetsafety@ncte.ie

Suirbhé Webwise 'Watch_Your_Space' 2007

Bhí suíomh líonraithe sóisialta ag an gcuid is mó de dhéagóirí na hÉireann de réir Suirbhé Watchyourspace 2007.

- Bhain 82% de na déagóirí a ndearnadh suirbhé orthu úsaid as suíomhanna líonraithe sóisialta
- Bhí úsáid á baint ag 69% as suíomhanna líonraithe sóisialta breis is trí huaire in aghaidh na seachtaine.

Scrúdaigh suirbhé de 374 déagóir a rinneadh ag Comórtas na nEolaithe Óga cén úsáid a bhí á baint as suíomhanna gréasáin faoi líonrú sóisialta ag déagóirí na hÉireann (SGLS).

Is é Bebo an suíomh líonraithe sóisialta is coitianta in Éirinn do dhaoine óga (72% á ainmniú mar SLS ba mhinicI a d'úsáideadar) agus cuireann sé bealach spreagúil ar fáil dóibh chun teagmháil a dhéanamh lena gcairde.

Sampla 7: Thug 79% a n-ainmneacha iomlána
49% a ndáta breithe.

Léirigh Suirbhé Watchyourspace 2007 go bhfuil athrú mór tagtha ar an mbealach ina dtugann Éireannaigh óga eolas pearsanta dá chéile arlíne de dheasca mór-úsáid na suíomhanna seo acu. Tá ábhar imní ann go ndúirt duine as gach ochtar a ndearnadh suirbhé orthu gur thaispeáin siad a n-uimhreacha gutháin so-ghluaiste ar ghréasán líonraithe sóisialta.

Jerome Morrissey, Stiúrthóir an NCTE:
"Léiríonn feachtas "WATCH_YOUR_SPACE" an rún daingean atá againn chun daoine óga a chur ar an eolas faoin mbealach cuí in ar cheart na suíomhanna seo a úsáid go dearfach, go cruthaíoch agus go sábháilte. Ach, táimid ag snámh in aghaidh easa mar leanann suíomhanna gréasáin ag lorg sonraí teagmhála ó dhaoine óga le cur ar fhoirmeacha cláraithe, uimhreacha fón póca san áireamh. Is mithid d'úinéirí shuíomhanna gréasáin, atá dírithe ar pháistí, a bheith freagrach agus gníomhú chun daoine a úsáideann iad a chosaint."

Sampla 8: Thug 12% uimhir ghutháin a bhfón póca
Thug 8 a seoltaí baile.

Creideann Webwise go bhfuil sé tábhachtach do pháistí agus do dhaoine óga, dá dtuismitheoirí agus dá múinteoirí an bhagairt a thuiscint, a mheas agus a bhainistiú chun daoine óga a chosaint. Chun cur le suíomh Watchyourspace do dhéagóirí agus le seimineáir //: Webwise_Parents: // do thuismitheoirí, chruthaigh Webwise ceardlann 2 uair an chloig ar líonrú sóisialta do mhúinteoirí i Nollaig 2007. Tá na ceardlanna praiticiúla a dtugtar //: Bebo-What's going on! Teachers' Workshop :// orthu oiriúnach do bhunmhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile agus tá siad á gcur ar fáil sna hionaid oideachais réigiúnacha.

Webwise In 2007 Agus Ar Aghaidh Go 2008

I rith 2007 chruthaigh agus d'fhorbair Webwise cláir fhorbartha ghairmiúla leanúnacha, uirlisí agus acmhainní chun sábháilteacht páistí agus daoine óga arlíne a chinntiú mar aitheantas dá shaothar chun clár oideachais comhtháite a chur ar fáil do mhúinteoirí, do mhic léinn agus do thuismitheoirí, thug Scoilnet Eorpach cuireadh do Webwise clár a chur i láthair ag Comhdháil Eminent sa Bhruiséil ar an 6 Nollaig 2007.

Sampla 9: 7ú Comhdháil Eminent, Nollaig 2007

Ba é an téama a bhí ag 7ú Comhdháil Eminent (Na Saineolaithe ag Teacht le Chéile i Líonrú Oideachais) ná 'tosaíochtaí polaitiúla don oideachas agus feidhm na teicneolaíochta'. Tháinig ionadaithe ó na Ranna Oideachais san Eoraip agus saineolaithe TFC le chéile chun plé agus cur chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh a chothaíonn forbairtí san oideachas ar fud na hEorpa. Bhí Webwise, tionscnamh NCTE, ar cheann de na hacmhainní a bhí ar acmhainní curaclaim a bhí ar Shábháilteacht ar an Idirlíon, go háirithe:
//: Be SAFE_Be WEBWISE ://, clár foghlama agus oideachais a cruthaíodh i gcomhar le OSPS (iarbhunscoil) a sheolfar i bhFeabhra 2008 le haghaidh Lá Sábháilteachta ar an

Idirlíon 2008. Creideann Webwise go gcaithfear oideachas a úsáid, atá bunaithe ar úsáid agus iompar daoine óga ar an Idirlíon, chun páistí agus daoine óga a chosaint nuair a bhíonn teicneolaíocht nua a húsáid acu. Tá //: Be SAFE_Be WEBWISE :// curtha le chéile chun déileáil lena riachtanais sábháilteachta pearsanta nuair atá siad ar líne agus chun cabhrú leo roghanna níos sábháilte a dhéanamh ionas go ndéanfar úsáideoirí freagracha ar an idirlíon ar feadh a saoil díobh.

Bhí Feachtas Sábháilteachta trí phointe 2007 ar an Idirlíon ag Webwise. Bhí na hábhair feasachta a bhí aige dírithe ar scoileanna, múinteoirí, páistí agus tuismitheoirí. Bhí sé an-éifeachtach agus rathúil. In 2008 beidh Webwise ag obair chun freagairt do cheisteanna nua atá ag teacht chun cinn agus ag cruthí acmhainní chun cabhair a thabhairt do gach éinne a bheith in ann tuiscint a fháil, measúnú a dhéanamh agus baol a bhainistiú, chun cabhrú le scoileanna tacaíochta, tuismitheoirí agus, dar ndóigh, páistí agus daoine óga sa tslí go mbeidh siad in ann sábhailteacht agus cosaint arlíne a chur ar fáil.

ÁBHAR DIGITEACH

Cuireann an tionscnamh ar Ábhar Digiteach béim ar acmhainní digiteacha a fhorbairt, a fháil agus chun teacht ar acmhainní digiteacha a bhaineann le curaclam na hÉireann. Déantar é seo nuair a dhéantar luacháil ar bhogearraí agus nuair a dhéantar acmhainní digiteacha do réimsí tábhachtacha sa churaclam i gcomhar le páirtithe mar Sheirbhís Tacaíochta Tíreolais (STT). Tá béim ar leith sa tionscnamh ar ábhar digiteach arlíne a fháil trí Ghréasán Leathanbhanda Scoileanna le blianta beaga anuas agus in 2007 rinneadh mórán dul chun cinn.

Léarscaileanna Scoilnet

In 2006, d'aontaigh an NCTE i bprionsabal le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann (SOÉ) ceadúnaas a chur ar fáil do réimse leathan dá sonraí léarscaile (léarscáileanna agus ortafótaí) le haghaidh scoileanna dara leibhéal. Cuid bhunúsach den churaclam Tíreolais ag an leibhéal sóisearach agus ag an leibhéal sinsearach is ea léarscáiliú agus measadh gur bhunuirlis maidir le teagasc scileanna léarscailithe sa seomra ranga ba ea soláthar léarscáile, ortafótaí agus múnlaí tír-raonta a bhíonn leasaithe go rialta. Chomh maith leis sin, tá CFG (córas faisnéise geografaí) mar chuid den churaclam Tíreolais san Ardteist a leasaíodh le déanaí. Beidh sonraí tíreolais ag teastáil ó mhic léinn go luath ionas gur féidir an chuid seo den chúrsa a theagasc agus a chur faoi scrúdú.

In 2007, chuaigh an tionscadal chun cinn nuair a shocraigh an NCTE téarmaí le SOÉ agus ansin chuir siad próiseas soláthair phoiblí ar fáil le haghaidh Breathnóir Léarscáile Arlíne ina bhféadfaí sonraí SOÉ a thaispeáint. I ndiaidh na tréimhse tairiscinte, tháinig foireann luachála, a raibh seisear ann, le chéile i Meán Fómhair 2007 chun léirmheas a dhéanamh ar na tairiscintí a fuarthas. Chuir baill na foirne eolas faoi CFG, léarscailiú, oideachas, eolas faoi airgeadas agus faoi bhonneagar ar fáil mar chuid den phróiseas luachála. Cuireadh gearrliosta le chéile agus tugadh cuireadh do thrí chomhlacht chun bualadh leis an bhfoireann luachála agus i Samhain 2007, tugadh an conradh le haghaidh cur i gcrích agus tacaíochta don Bhreathnóir Léarscáile Arlíne do WebBased Ltd., comhlacht ón Ríocht Aontaithe a dhéanann sonraí SO a sheachadadh arlíne chuig scoileanna chéad leibhéil agus dara leibhéal sa Ríocht Aontaithe. Thosaigh obair chun suíomh gréasáin le haghaidh tógála agus forbartha Léarscaileanna Scoilnet i dtreo dheireadh 2007 agus bhí suíomh beta ag feidhmiú faoi dheireadh na bliana.

Le linn tréimhse forbartha an tionscadail, léirigh taighde go mbeadh fáilte roimh sholáthar shonraí Tíreolais do mhúinteoirí laistigh de scoileanna ach go mbeadh sé luachmhar, chomh maith, do mhúinteoirí a bheith in ann teacht ar léarscáileanna ón mbaile chun ceachtanna a ullmhú lasmuigh d'am scoile. Critéar tábhachtach ba ea é seo agus bhí fonn ar NCTE é a chur i bhfeidhm mar chuid den tionscadal. Os rud é go bhfuil luach tráchtála an-mhór ag sonraí léarscáile SOÉ, bhí ar NCTE modh logála sábháilte a chur i bhfeidhm do mhúinteoirí a bhí ag iarraidh feidhm a bhaint as an suíomh lasmuigh de Ghréasán Leathanbhanda na Scoileanna. Chuir Heanet, i gcomhar le NCTE, tús le córas LDAP do mhúinteoirí ar theastaigh uatha logáil isteach. Ag an am céanna, i rith Inseirbhís Thíreolais i bhFómhar 2007, chuir STT (Seirbhís Tacaíochta Tíreolais) múinteoirí ar an eolas faoi Léarscáileanna Scoilnet agus chuireadar foirmeacha cláraithe ar fáil. Chomhlánaigh breis is 800 múinteoir an fhoirm chláraithe agus léirigh aiseolas gur chuir gach éinne fáilte roimh sholáthar shonraí léarscaile arlíne. Fachtóir an-tábhachtach i gcéadsoláthar Learscáile Scoilnet is ea an dlúth-ghaol oibre idir an NCTE agus STT. Beidh an suíomh gréasáin beo go luath in 2008 agus cuirfidh Inseirbhís 2008 STT traenáil ar fáil do mhúinteoirí maidir le húsáid an tsuímh sa chomhthéacs go mbeidh tacaíocht ag teastáil do churaclam leasaithe Tíreolais na hArdteistiméireachta. Ta súil ag NCTE leanúint ag comhoibriú le STT i rith 2008 maidir

le poiblíocht leanúnach a thabhairt agus le forbairt a dhéanamh ar Léarscaileanna Scoilnet.

© SOÉ agus Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Uimhir MNE 0001807

Imagebank

I rith 2007, bhí obair ar siúl ar shuíomh gréasáin leabharlann fóta an NCTE, ImageBank. Baineadh triail as le múinteoirí i Meitheamh agus i ndiaidh thorthaí an taighde seo, cuireadh tús beo leis an suíomh i nDeireadh Fómhair. Rinneadh é mar thionscadal inmheánach; tá breis is 1,400 íomhá a ndearnadh léirmheas orthu agus atá ceadaithe ann. Chuir múinteoirí an-fháilte roimhe mar cuireann sé modh sábháilte, iontaofa ar fáil chun teacht ar íomhánna a úsáidfear sa seomra ranga.

Forbraíodh ImageBank mar thoradh ar aiseolas ó mhúinteoirí agus ó dhaoine gairmiúla in earnáil an oideachais, a dúirt go raibh siad buartha faoi na deacrachtaí a bhaineann le híomhánna, atá mar chuid de churaclam na hÉireann, a fháil agus a úsáid. Tá ImageBank ag cloí leis an dualgas atá air tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí a bhfuil fonn orthu comhtháthú a dhéanamh ar úsáid TFC ina seomraí ranga.

Tá ceisteanna a bhaineann le cóipcheart agus easpa eolais faoi nach mór réitithe laistigh de ImageBank trí cheadúnas Creation Commons a úsáid (www.creativecommons.org). Spreagann ceadúnas Creative Commons modh comhoibritheach maidir le híomhánna digiteacha a roinnt. Cuireann siad deiseanna ar fáil d'úsáideoirí oideachais chun úsáid chuí a bhaint as acmhainní. Tá sé i gceist ag an NCTE leanúint le béim ar ábhar ImageBank, a thagann ó úsáideoirí mar féachtar air seo mar ghné thábhachtach den rath leanúnach agus d'inbhuainitheacht an tsuímh ghréasáin.


RETURN TO...
scoilnet
portal for irish education
IMAGEBANK
FIND A PHOTO
ADD A PHOTO
YOUR PHOTOS
HELP!
YOU ARE HERE: Scoilnet / ImageBank / Find a Photo / Results
SEARCH RESULTS:
GO!
You searched for:
newgrange
18 images found
SEARCH WITHIN THESE RESULTS
SEARCH!
PREVIOUS
Page 1 of 2
NEXT
PREVIOUS
Page 1 of 2
NEXT

Immerse

Ó 2003 anall, de dheasca IMMERSE, páirtíocht foghlama dhigiteach idir an NCTE agus RTÉ, tá roinnt acmhainní, a bhaineann leis an gcuraclam déanta agus forbartha. Bhíodar i bhformáid DVD agus mar ábhair arlíne agus ina measc tá:

- I Am An Artist (Amharcealaíona Bunscoile) – www.iamanartist.ie
- Sci-Spy (Eolaíocht Bunscoile) – www.sci-spy.ie
- Science Unleashed (Eolaíocht sa Timthriall Sóisearach – www.scienceunleashed.ie
- Look at History through the RTÉ archives (Stair Shinsearach) – www.scoilnet.ie/lookathistory

In 2007, lean Foireann Ábhair Dhigiteach ag coimeád agus ag athnuachan suíomhanna gréasáin éagsúla a bhaineann le IMMERSE. Fuarthas thart ar 120 fiosrú ríomhphoist agus iarratais ó úsáideoirí, go háirithe faoi sholáthar DVDnna nó faoin obair ealaíne i ndánlann 'I Am An Artist. Ar an iomlán, mhéadaigh trácht chuig suíomhanna gréasáin IMMMERSE i rith na bliana. Bhí fás maith ar shuíomh gréasáin 'I Am An Artist'. Bhí fás mór ar an suíomh gréasáin agus mhéadaigh cuairteanna gréasáin ó 64,742 in 2006 go 82,663, méadú 27%. I Samhain 2007, bhí 11,081 cuairt ar an suíomh. Rinneadh íoslódáil 53,425 uair i rith na bliana ar 43 Nóta Múinteora dírithe ar an gcuraclam agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin 'I Am An Artist' – dhá oiread níos mó ná in 2006. Toisc go raibh an-éileamh orthu, aistríodh na nótaí go Gaeilge agus cuireadh ar fáil ar an suíomh gréasáin iad i Nollaig 2007 chun tacú le múinteoirí i nGaelscoileanna. Tá sé suntasach, chomh maith gur tháinig 60% den trácht chuig 'I Am An Artist' ón Ríocht Aontaithe agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Léiríonn sé seo go bhfuil ábhar an tsuímh luachmhar i bpobail oideachasúla go hidirnáisiúnta. Maidir leis na suíomhanna gréasáin eile, mhéadaigh trácht chuig Science Unleashed, suíomh gréasáin eolaíochta an Teastais Shóisearaigh faoi thrí in 2007.Rinneadh taifead ar bhreis is 18,000 cuairt i rith na bliana. Is meadú ó 5,242 in 2006 é seo. Chomeád suíomhanna gréasáin Sci-Spy agus Look at History an trácht chéanna i rith 2007 is a bhí in 2006.





FÍS

Tionscadal is ea FÍS chun scannánaíocht a chur i láthair chun tacú le curaclam na Bunscoile. Bhí tionscadal píolótach ar siúl idir Márta 2,00 agus Márta 2003 in 28 scoil. D'éirigh go maith leis agus spreag sé sin leathnú ar FÍS in 2005 chuig 50 scoil, 25 scoil eile in 2006 agus ar deireadh 25 scoil in 2007. Baineann na téamaí a bhí i gceist le curaclam na bunscoile agus déileálann siad leis na prionsabail a bhaineann leis.

Rinne an NCTE comhordú air agus chuir sé clár struchtúrtha, in ar cuireadh tacaíocht agus traenáil ar fáil trí ghréasán an ionaid oideachais, do gach múinteoir a bhí páirteach in FÍS in 2007.
Ag deireadh na scoilbhliana in 2007, cuireadh an scannán ar taispeáint go réigiúnach timpeall na tíre, i bpictiúrlanna áitiúla, de ghnáth. Tugadh deis do pháistí agus do mhúinteoirí a saothar agus saothar scoileanna eile, a bhí páirteach in FÍS, a roinnt agus a cheiliúradh. Baineann na scannáin le topaicí ar stair áitiúil agus le drámaí coiriúlachta dáiríre.

Cuireadh thart ar 25 scannán ó na taispeántais réigiúnacha ar ghearrliosta d'Fhéile Scannánaíochta Náisiúnta FÍS a bhí ar siúl ar an 25 Deireadh Fómhair 2007 sa Helix, Ollscoil Chathair Átha Cliath le Evanna Lynch, réalt i scannáin Harry Potter mar aoi speisialta.

Leanfaidh an NCTE ag comhordú agus cur leathnú thionscadal FÍS ar siúl in 2008.

Suíomh Gréasáin Inseirbhíse Staire

Lean an comhoibriú idir an NCTE agus an tSeirbhís Tacaíochta Inseirbhíse Staire i rith 2007, go háirithe trí bhainistíocht agus trí thacaíocht an tsuímh ghréasáin www.scoilnet.ie/hist. Pointe teagmhála do mhúinteoirí atá páirteach san inseirbhís is ea an suíomh greasáin. Lean an bainisteoir páirt-aimseartha (a ceapadh in 2005) lena chuid oibre ag coimeád agus ag tabhairt ábhair ar an suíomh suas chun dáta faoi mar atá ag teastáil. Tháinig méadú 44% ar staitisticí tráchta ar an suíomh gréasáin do 2007. Léirigh sé seo luach agus tábhacht na hacmhainne agus an ábhair ar an suíomh. Rinneadh 38,199 cuairt ar an suíomh don bhliain ar fad agus bhí an líon ba mhó i Samhain 2007 nuair a bhí 4,976 cuairt. Chomh maith leis sin, mhéadaigh líon na ndoiciméad PDF a ndearnadh íoslódáil orthu 6% thar an mbliain chun suim 51,254 a shroichint. Léirigh sé sin an leibhéal ard teagmhála atá ag cuairteoirí leis an ábhar.



Cartlann Dhigiteach An Irish Times Ó 1859 – 2007

Bhí an NCTE ag obair le Comhairle na Leabharlainne ó 2006 agus leis an Irish Times ar chartlann dhigiteach don Irish Times. Cuireadh críoch leis an obair in 2007 agus seoladh an chartlann ar an 8 Deireadh Fómhair 2007 agus cuireadh ar fáil do scoileanna é trí ghréasán leathanbhanda na scoileanna. Acmhainn an-luachmhar do mhórán réimsí den churaclam, go háirithe stair, a bheidh ann.



Bogearra Lárnach

Chun cur le hathfhorbairt Sofware Central in 2006, cuireadh béim in 2007 ar ábhar a chur ar fáil le haghaidh gnéithe áirithe den suíomh. Cuireadh bogearraí breise agus cláir shaorearraí ar fáil chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí ar fheidhmeanna na mbogearraí a d'fhéadfaí a íoslódáil ón ngréasán. Bhí sé scoil i gceist in **'*The Software Use in School*'**, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ag tabhairt comhairle phraiticiúil ar chineálacha éagsúla bogearraí, a bhí in úsáid ina scoileanna féin. Rinneadh luachálacha foirmeálta ar 15 clár bogearraí a chlúdaigh Riachtanais Speisialta i mBunscoileanna agus Teangacha in iarbhunscoileanna.

D'oibrigh an NCTE ar scéim phíolótach in ar úsáid scoileanna bogearraí le haghaidh forbairt an ghréasáin, WebsiteX5. Ba é aidhm an tionscadail seo ná suíomh gréasáin scoile a chruthú le bogearraí WebSiteX5 agus agus luacháil a dhéanamh ar na buntáistí a bhain leis mar uirlis forbartha ghréasáin do mhúinteoirí agus do mhic léinn.Bhí an bhéim ar an bpróiseas pleanála agus ar ábhar an tsuímh ghréasáin scoile. Fuair na hIonaid Oideachais cóipeanna de na bogearraí seo chun ceardlanna forbartha gairmiúla a éascú leis na bogearraí seo. Is féidir an rath a bhí ar an tionscadal seo a fheiceáil sa mhéadú atá tagtha ar líon na suíomhanna gréasáin atá ag dul arlíne, go háirithe le bunscoileanna agus tá go leor díobh seo le feiceáil ar Software Central.
Lean taighde maidir le bogearraí a fháil agus a aithint le haghaidh luachála do na hiarbhunscoileanna agus bogearraí le haghaidh úsáide i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla.
Tá Software Central tar éis déileáil le fiosrúcháin bhreise agus le comhairle ó mhúinteoirí ar réimse leathan topaicí a bhaineann le húsaid bogearraí i scoileanna.
Lean an NCTE ag plé agus ag tabhairt comhairle maidir le struchtúir cheadúnaithe agus le praghasanna le haghaidh bogearraí oideachasúla i scoileanna na hÉireann. I mbliana bhí an NCTE ag obair le Microsoft ag tabhairt eolais do scoileanna maidir leis an gComhaontú 'Páirtithe san Oideachas (PSO)' agus ag cruthú doiciméad chun soiléiriú a dhéanamh ar phróiseas Ceadúnaithe Scoile Microsoft do Software Central. Bhí baint ag an NCTE, chomh maith le comhairle agus treoir a chur ar fáil do t4 – Seirbhís Tacaíochta d'Ábhair Theicneolaíochta maidir le ceisteanna ceadúnaithe bogearraí.

TFC SA SEOMRA RANGA

Tá baint ag an NCTE le dearadh agus dáileadh roinnt tionscadal nuálaíoch a dhíríonn ar chomhtháthú TFC sa seomra ranga agus baineann páirtíochtaí leis na pobail oideachais agus gnó. Cuireann na cás-staidéir agus luachálacha, a thagann ó na tionscadail nuálaíocha seo, an cleachtas TFC i scoileanna chun cinn agus spreagann sé múinteoirí eile chun comhtháthú a dhéanamh idir TFC agus a n-obair laethúil.

Gradam Scoile Digiteach

Aithníonn Gradam Scoile Digiteach an sármhaitheas sa mhodh scoile maidir le comhtháthú TFC san fhoghlaim agus sa teagasc. Scéim ar leith atá sa scéim ghradaim sa mhéid go bhfuil lán-tacaíocht aige ón NCTE, ó Chumann Oideachais Ríomhairí na hÉireann, Cumann Múinteoirí Éireann, Greasán Phríomhoidí Bunscoile na hÉireannn agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Bhí páirt ag gach ceann de na heagraíochtaí ina dhearadh agus ina fhorbairt.

Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, T.D. an scéim ghradaim in 2006 agus glac 51 bunscoil ó cheantair ar fud na tíre páirt sa chuid píolótach den tionscamh.

Tá na critéir atá ag teastáil chun Gradam Scole Digiteach a fháil leagtha amach go soiléir ar an suíomh gréasáin, www.digitalschools.ie agus cuireann siad spriocanna ar fáil do scoileanna, uirlis féin-luachála arlíne san áireamh. Cheap agus thraenáil an NCTE bailíochtóirí chun bailíochtú a dhéanamh ar scoil chun Gradam Digiteach a fháil le deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann an scoil na critéir. Tá an NCTE i gceannas ar an tionscnamh seo agus agus faigheann sé comhairle ó choiste stiúrtha a bhfuil ionadaithe ó na páirtithe bainteach leis.

Fuair 30 scoil an gradam sa chuid phíolótach agus ina dhiaidh sin, fuair 9 scoil eile an gradam faoi dheireadh Nollaig 2007.

D'aontaigh 25 scoil páirt a ghlacadh i dTionscadal Creatlaigh TFC an CNCM in 2007. Cuireadh ar siúl é chun tacú le scoileanna agus le múinteoirí in úsáid TFC mar uirlis foghlama agus teagaisc sa churaclam. Rinne an NCTE comhordú ar pháirt na Scoileanna Digiteacha sa tionscadal seo, a bhain le forbairt ábhar, a léirigh samplaí den dea-chleachtas TFC sa churaclam.

I measc na hoibre eile a bhain le tionscnamh na Scoileanna Digiteacha sa tionscnamh seo, bhí uasghrádú shuíomh gréasáin na Scoileanna Digiteacha agus athchóiriú phróiseas na n-iarratas chun stádas na scoile digití a shroichint. Ó Eanáir 2008, tá an Gradam Scoile Digiteach ar fáil i ngach scoil.

Luathfhoghlaim Kidsmart IBM

Clár domhanda atá sa Chlár Luathfhoghlama Kidsmart IBM, a dhíríonn ar mhíbhuntáiste agus ar riachtanais speisialta sa luathoideachas. In Éirinn, bhronn IBM ionaid foghlama bunaithe ar ríomhairí, atá oiriúnach san oideachas do pháistí óga. Bronnadh teidil bhogearraí oideachais áirithe de chuid Riverdeep, chomh maith. Tá na hionaid foghlama in oiriúint do pháisti idir trí agus seacht mbliana d'aois.

Lean IBM lena thacaíocht do Kidsmart nuair a d'aontaigh sé 78 aonad do scoileanna in 2007 agus 78 aonad breise in 2008 a mhaoiniú. Seo infheistíocht iomlán de bhreis is €1 mhilliún ó IBM. Tá thart ar 554 aonad in úsáid anois i mbreis is 250 scoil.

D'aontaigh IBM, chomh maith ceadúnas rochtana a chur ar fáil d'ardán cumarsáide agus comhoibrithe arlíne de chuid Shráidbhaile Foghlama Riverdeep agus é a thabhairt do gach múinteoir a ghlacann páirt i gClár Luathfhoghlama Kidsmart. Bhí clár traenála teagascóra agus forbairt ábhair thraenála do mhúinteoirí chun feabhas a chur ar an ngréasán tacaíochta do mhúinteoirí Kidsmart i gceist leis seo.

Sráidbhaile Foghlama Riverdeep

Bhí an NCTE ag obair i bpáirt le IBM ó 1988 i dtioncadal 'Wired for Learning'chun cumarsáid agus comhoibriú a chur in aithne don phobal scoile le húsáid TFC a fhorbairt. D'úsáid 20 bunscoil agus iarbhunscoil i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Lú é seo. In 2006, aistríodh Wired for Learning i margadh páirtíochta idir IBM agus Riverdeep.

Leathnaíodh an clár, ar tugadh Sráidbhaile Foghlama Riverdeep air faoin am seo, in 2006 chun scoileanna, a bhí i gClár Luathfhoghlama Kidsmart de chuid IBM cheana féin, a thabhairt isteach. Eisíodh 450 ceadúnas breise chun daoine a bhí páirteach i gClár Luathfhoghlama Kidsmart.

Tairseach teagaisc is ea Sráidbhaile Foghlama Riverdeep na hÉireann, pointe teagmhála do chumarsáid, comhoibriú, teagasc agus forbairt ghairmiúil. Leasaíodh é in 2006 i gcomhthéacs oideachasúil na hÉireann chun é a chur in oiriúint do theanga agus leagan amach churaclam na bunscoile.

Riachtanais Speisialta Oideachais (Rso) Agus Tfc

Cinntíonn tionscnamh TFC go bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais mar chuid de phríomh-ghníomhaíochtaí an NCTE. Is tionscnamh é a bhaineann le gach tionscnamh eile ag an NCTE mar a ndéanann sé iarracht béim ar leith a chur ar riachtanais speisialta oideachais agus ar fhoghlaim agus teagasc do mhic léinn agus dá múinteoirí. Chomh maith leis sin glacann tionscnamh an TFC agus RSO páirt i ngníomhaíochtaí breise agus i dtionscadail a bhíonn dírithe ar na riachtanais ar leith a bhíonn ag riachtanais speisialta oideachais. Feidhmíonn tionscnaimh RSO agus TFC chun acmhainní agus tacaíochtaí a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais a fhorbairt. Tá bainistiú tionscadal speisialta maidir le húsáid TFC sa riachtanais speisialta oideachais mar chuid den tionscnamh seo.

Tá fás thar cuimse tagtha ar acmhainní Scoilnet do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais agus do mhúinteoirí le breis is 50 acmhainn nua ar thopaicí éagsúla curtha ar fáil.

Tá tionscnamh RSO agus TFC tar éis naisc a chruthú le háisíneachtaí agus le heagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le riachtanais speisialta oideachais mar Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (CNÉD), Seirbhís Tacaíochta Speisialta Oideachais (STSO), Cumann Múinteoirí na hÉireann san Oideachas Speisialta (CMÉOS), Seirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (SNSO), An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) chun seirbhís níos fearr a chruthú maidir le TFC agus riachtanais speisialta. Dá dheasca, cuireadh acmhainní ar fáil agus cuireadh eolas suas chun dáta agus rinneadh naisc ar shuíomhanna greasáin an NCTE agus ar shuíomhanna gréasáin eile.

Mar chéim bhreise i ndiaidh sheoladh 'Engaging Learners Book' agus DVD agus an suíomh gréasáin a ghabhann leis www.laptopsinitiative.ie, dáileadh an leabhar agus an DVD ar gach bunscoil sa tír.

Chuir tionscnamh TFC agus Riachtanais Speisialta altanna ar fáil agus rinneadh léiriúcháin ag comhdhálacha CESI, ISLA agus IATSE.

Ullmhaíodh bileoga comhairle agus leasaíodh iad maidir le roinnt míchumas mar ADHD, ASD,ODD, Dyslexia, Dyspraxia, Teicneolaíocht Oiriúnaitheach agus rinneadh mic léinn a mheaitseáil le teicneolaíocht.

Litearthacht Agus TFC

Is é atá mar aidhm ag Tionscadal Litearthachta agus TFC, a thosaigh in 2005 ná a fháil amach conas is féidir le hidirghabháil ar leith le cabhair TFC tacaíocht a thabhairt do litearthacht sa seomra ranga. Cuireann an tionscadal idirghabháil ar leith ar fáil do scoileanna le cabhair ó thaithí agus ó chomhoibriú roinnt áisíneachtaí – an NCTE, An Chomhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus Clár Tacaíochta Churaclam na Bunscoile (CTCB). Tionscadal forbartha agus fiosrú bunaithe ar ghníomh atá ann. Baineann múinteoirí triail as múnlaí cleachtais agus ábhair bunaithe ar riachtanais aitheanta agus ar thosaíochtaí sa litearthacht. Ansin déanann siad taifead dá dtaithí agus den rath a bhí orthu maidir le fiosrú in úsáid TFC chun tacú leis na riachtanais seo.

I rith 2007, d'oibrigh an comhordaitheoir tionscadail, an CTCB agus an Comhairleoir TFC le gach ceann de na scoileanna chun fiosrú breise a dhéanamh agus chun riachtanais litearthachta a aithint i measc na bpáistí agus i meaitseáil na teicneolaíochta leis na riachtanais foghlama. D'fhreastail múinteoirí ar cheardlanna in ionaid oideachais áitiúla chun eolas a fháil ar na bealaí ab fhearr chun an teicneolaíocht, a cuireadh ar fáil dóibh i rith an tionscadail a úsáid. I ndiaidh na gceardlanna thug comhordaitheoir an tionscadail agus foireann CTCB cuairt ar na scoileanna. I rith na bliana, chonacthas go raibh níos mó samhlaíochta ag na múinteoirí agus go rabhadar níos éifeachtaí maidir le réimse leathan teicneolaíochtaí a úsáid chun riachtanais an churaclaim a mheaitseáil. Cuireadh ócaid eolais dhá lá ar siúl i Meitheamh 2007 i Muineachán in ar chuir múinteoirí ó gach ceann de na scoileanna a gcuid oibre ar an tionscadal faoi bhráid an chruinnithe, mhalartaigh siad smaointe agus rinneadar pleanáil don chéad bhliain acadúil eile. Deis a bhí ann, chomh maith, don fhoireann luachála a bheith i láthair chun eolas díreach a fháil faoi na tionscnaimh a bhí ar siúl i ngach ceann de na scoileanna.

D'fhorbair ceithre cinn de na scoileanna suíomhanna gréasáin i rith na bliana. Thosaigh scoileanna eile ag úsáid teicneolaíochtaí nua eile mar bheochan chun litearthacht a mhéadú ina scoileanna féin.

Mhéadaigh an tionscadal laistigh de na scoileanna a raibh sé ar siúl iontu mar ghlac múinteoirí eile leis na modhanna agus leis an gcur chuige a bhí ag na múinteoirí tionscadail thosaigh. Neartaigh sé seo cultúr maidir le gníomhaíocht TFC laistigh de na scoileanna seo. Bhíodar in ann leas a bhaint as an taithí a bhí ag a gcomhmhúinteoirí chun comhairle agus cabhair a fháil uatha agus bhíodar in ann comhairle a fháil, chomh maith ó áisíneachtaí tacaíochta eile.

Cumasú Intinne

Tionscadal forbartha is ea *Cumasú Intinne* a thosaigh mar mhór-thionscadal de chuid Thionscadal Comhtháite Scoileanna (TCS) an NCTE. Tá sé bunaithe ar mhodh nua maidir le foghlaim bunaithe ar ghníomhaíocht. Tógann páistí múnlaí le hábhair Lego Mindstorms, don chuid is mó. Is féidir na múnlaí a chlárú chun iompar de chineál áirithe a bheith acu, iompar a fhreagraíonn don timpeallacht agus iad ag gluaiseacht i dtreonna éagsúla trí ghníomhú mar thoradh ar léamha a thógtar ón solas, ó thadhall agus ó bhraiteoirí teochta. Tá fuaim agus braiteoirí fuaime agus faid ar na hábhair nua agus tugann siad breis spáis le haghaidh taiscéalaíochta.

Is iad an NCTE agus Coiste Stiúrtha tionscadail, a bhfuil múinteoirí agus ionadaí ó Choláiste Oilúna Naomh Pádraig mar bhaill de, a dhéanann comhordú agus a thugann treoir leanúnach don tionscadal.

Bhí Fóram Náisiúnta um Chumasú Intinne ar siúl i Márta 2007. Rinne múinteoirí éagsúla o scoileanna de chineálacha áirithe taispeántais a léirigh a gcuid tionscadal féin agus an bhaint a bhí acu leis an ngrúpa 'Cumasu Intinne'.

D'aontaigh an NCTE agus 'Fionnaigh Eolaíocht agus Innealltóireacht' (FEI) comhmhaoiniú a dhéanamh ar fhorbairt an tionscadail i 10 scoil bhreise i réigiún Chorcaí a raibh Gradam Sármhaitheasa Eolaíochta faighte ón ROE acu. I ndiaidh an phróiseas roghnaithe go déanach in 2006, fuair na scoileanna seo maoiniú le haghaidh ábhar agus trealaimh. Cuireadh ceardlanna tosaigh ar siúl i gCorcaigh do na múinteoirí ó na scoileanna roghnaithe go luath in 2007 agus thug an Comhordaitheoir Tionscadail tacaíocht ar feadh na bliana.

Rinne an NCTE maoiniú agus eagrú ar an 9ú Roboshow bliantúil i gColáiste Phádraig i mBealtaine 2007. Deis do na páistí idir 7 agus 13 bliana chun tionscadail shamhlaíocha a thaispeáint a bhí ann. Bhí thart ar 15 scoil le breis is 400 dalta bunscoile agus a gcuid múinteoirí i láthair. Thaispeáin 8 scoil ó Bhaile Átha Cliath, 3 scoil ó Chill Chainnigh agus scoil amháin ó gach ceann de na háiteanna seo a gcuid tionscadal: Sligeach, Cill Dara, Laois agus Tiobraid Árann.

Samplaí de Thionscadail a taispeánadh ag Roboshaw 2007 is ea iad seo:

Tír na nÓG

An Réabhlóid Thionsclaíoch

Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus Casino i Marino

Comórtais Treafa LEGO

Droichead Bhaile Átha Cliath

Ceapacháin Leonardo da Vinci

Don Quixote – le feidhmeanna nua de chumhacht na gaoithe agus fuinnneamh inbhuanaithe

Bandraoithe Shliabh na mBan le scannán ag dul leo.

Fionnaigh Braiteoirí

I rith 2007, lean an NCTE ag obair le 'Fionnaigh Eolaíocht agus Innealltóireacht' agus leis le páirtithe tionscadail eile, le Seirbhís Tacaíochta don Eolaíocht Shóisearach (STES) agus Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi thionscadal 'Fionnaigh Braiteoirí'. Tacaíonn an tionscadal le húsáid na teicneolaíochta agus déanann sé iniúchadh air, go háirithe úsáid logáil sonraí i gcuraclam Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh.
Ball de Choiste Stiúrtha an tionscadail is ea an NCTE agus déanann sé maoiniú ar an tionscadal oiliúna mhúinteoirí.

I rith 2007, chuir an NCTE maoiniú ar fáil le haghaidh traenáil inseirbhíse do mhúinteoirí in earrach 2007 agus i ndiaidh leathnú an tionscadail chuir sé maoiniú ar fáil do scoileanna nua a bhí páirteach sa tionscadal i bhfómhar 2007. Chuir an NCTE maoiniú ar fáil d'ionadaíocht, táillí teagascóra, costais taistil agus cothabhála daoine a bhí páirteach, costais a bhain leis an ionad, lónadóireacht agus riarachán.

Cuireadh sé cheardlann eile ar siúl in earrach 2007 do rannpháirtithe píolótacha. D'fhreastail 30 scoil ar an dara babhta de cheardlanna.

Rinne 'Fionnaigh Eolaíocht agus Innealltóireacht' cinneadh an tionscadal a fhorbairt sa dara bliain, 2007/2008 agus bhí baint ag 19 ionad oideachais le hóstáil 22 lá traenála do 143 scoil i Meán Fómhair, Deireadh Fómhair agus Samhain 2007. Cuireadh grúpaí tacaíochta ar siúl san fhómhar mar chéim leantach ó na laethanta traenála inseirbhíse. Ar an iomlán, cuireadh 427 ionad traenála ar fáil ag laethanta traenála inseirbhíse 'Fionnaigh Braiteoirí' agus grúpaí tacaíochta breise in 2007.

Rinne an NCTE comhmhaoiniú ar chostais taistil agus cothabhála 20 múinteoir a bhí i láthair ag clár traenála teagascóra 'Fionnaigh Braiteoirí', a bhí ar siúl thar 3 lá i samhradh 2007.

Tionscadal Scoile 'Connect'

Tionscnamh idiráisíneacht is ea Connect School atá ag feidhmiú ó Bhealtaine 2006. Tá an Connect school, Scoil Phobail Naomh Aodhán i mBrookfield, Tamhlacht, tar éis a bheith ag obair le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus cumainn a bhaineann leis, go háirithe Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus Oifig Réigiúnach Chontae Bhaile Átha Cliath Theas chun teicneolaíocht dírithe ar mhic léinn, trí mheán chultúr foghlama nuálaíoch do mhic léinn san iarbhunscoil seo, a fhorbairt.

Is iad na torthaí a bhfuiltear ag súil leo don tionscadal ná:

- Tinreamh scoile níos airde
- Teagmháil níos fearr sa seomra ranga
- Torthaí oideachais níos fearr do mhic léinn
- Modhanna Foghlama/Teagaisc Teicneolaíochta dírithe ar mhic léinn forbartha
- Tuiscint níos fearr agus Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide curtha i bhfeidhm

Ball de Choiste Stiúrtha an Connect School is ea an NCTE a thagann le chéile go rialta i rith na bliana. Maoiníonn an NCTE an tionscadal, chomh maith mar cuireann sé maoiniú ar fáil d'fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora, a chuireann Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar ar fáil.

Ball de Ghrúpa Comhairleach Luachála an Connect School is ea an NCTE, chomh maith. Is iad téarmaí tagartha an ghrúpa seo ná:

1. Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tairiscinte do bhunú Chreatlach Luachála, gearrliostáil san áireamh.
2. Comhairle a chur ar fáil maidir leis na torthaí luachála, maidir le critéir srl.
3. Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas luachála agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach tuairisc san áireamh.

Bhí baint ag an NCTE le dréachtadh fógra tairiscinte a bhfuil sé i gceist é a fhoilsiú in 2008. Is iad aidhmeanna na luachála atá beartaithe ná éifeacht an tionscadail agus na torthaí, atá bainte amach aige go dti an pointe seo, a chuid aidhmeanna a mheas agus moltaí a dhéanamh maidir le pleanáil an tionscadail agus TFC i dTionscnaimh Oideachais eile sa todhchaí.

Tionscnamh Foghlama Na Líbirtí

Tá sé mar aidhm ag Clár Scoile Thionscnamh Foghlama na Líbirtí raon clár a fhorbairt chun déileáil leis an deighilt dhigiteach i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna atá gar don Mhol Digiteach, tionscnamh rialtais i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Is í aidhm Chlár na Scoileanna ná cabhair a thabhairt do scoileanna faoi mhíbhuntáiste sa cheantar chun na scileanna, atá ag teastáil óna gcuid mac léinn chun maireachtáil i ré dhigiteach, a thabhairt dóibh.

Thug an NCTE tacaíocht do Thionscnamh Foghlama Diageo na Líbirtí in 2007 nuair a thugadar maoiniú chun comhordaitheoir lán-aimseartha a cheapadh, do chlár forbartha gairmiúil an mhúinteora, clúdach ionadaíochta do mhúinteoirí chun freastal ar cheardlanna traenála TFC agus chun bogearraí Missionmaker a chur ar fáil do scoileanna atá páirteach sa tionscadal.

Chuir an NCTE comhairle ar fáil maidir le clár forbartha gairmiúil a dháileadh ina raibh ceardlanna do Phríomhoidí ar TFC, ceardlanna do mhúinteoirí maidir le bogearraí Photostory a úsáid, podcasting, beochan cré agus Web 2.0 Bhí 121 bunmhúinteoir agus iarbhunmhúinteoir i láthair ag traenáil mhúinteoirí agus bhí 150 i láthair ag ócáid shárléiriúchán scoile.

SEIRBHÍS COMHAIRLE TFC

Tugann an NCTE maoiniú, tacaíocht agus déanann sé comhordú ar Sheirbhís Comhairle réigiúnach do scoileanna. Cuirtear é ar fáil i gcomhar le gréasán réigiúnach 21 ionad oideachais lán-aimseartha. Is é feidhm an ionaid oideachais ná bainistiú a dhéanamh air agus tacaíocht a thabhairt do dháileadh agus cur i ngníomh phlean TFC an NCTE ag leibhéal áitiúil agus chun cabhair a thabhairt aidhmeanna oibríochtúla an NCTE a bhaint amach. San áireamh tá soláthar trí mheán ionaid oideachais, réimse deiseanna TFC CPD sna hionaid agus sna scoileanna áitiúla faoi mar atá ag teastáil. Cuireann comhairleoirí TFC agus riarthóirí TFC an tseirbhís seo ar fáil, de ghnáth, sna hionaid. Déanann na hionaid oideachais bainistiú díreach ar an gcomhairleoir TFC agus ar an riarthóir.

Fostaíonn an t-ionad oideachais agus déanann siad bainistiú ar chomhairleoirí TFC. In 2007, bhí comhairleoirí TFC bunaithe in 19 ionad oideachais ar fud na tíre agus ba é feidhm na gcomhairleoirí na comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna i réigiún an ionaid oideachais agus chun úsáid chomhtháite a bhaineann múinteoirí agus mic léinn as TFC a chur chun cinn.

Cuairteanna Scoile

Cuid lárnach d'obair chomhairleoirí TFC is ea cuairteanna a thabhairt ar scoileanna chun comhairle a chur ar fáil faoi cheisteanna a bhaineann le TFC agus chun comhtháthú TFC a chur chun cinn ag múinteoirí. In 2007, rinneadh 1,645 cuairt ar scoileanna, 74 % chuig bunscoileanna, 22% chuig iarbhunscoileanna agus 4% chuig Scoileanna Riachtanais Speisialta. Rinne ceisteanna leathanbhanda agus teicniúla suas 18% de na hiarratais agus bhí tacaíocht 16% do thionscadail nuálaíocha do scoileanna áitiúla.

De ghnáth, bhain ceisteanna sábhailteachta ar an idirlíon, cur chun cinn chúrsaí TFC do mhúinteoirí, cuid theicniúil agus cúrsaí pleanála scoile faoi TFC le cuairteanna scoile. Cé's moite de chuairteanna scoile, déileáladh le hiarratais a fuair Comhairleoirí TFC ag lorg cabhrach ar an nguthán agus trí ríomhphost.

STAITISTICÍ AR CHUAIRTEANNA SCOILE NA GCOMHAIRLEOIRÍ TFC IN 2007

Bunaithe ar shonraí ó 19 réigiún na gComhairleoirí TFC

Líon na nIonad Oideachais	Líon Iomlán na gCuairteanna scoile	Líon iomlán na mBunscoileanna	Líon iomlán na nIarbhunscoileanna	Scoileanna RSO
21	1645	1,217	370	58

Líon Iomlán na gCuairteanna Scoile in 2007		
Eanáir	143	9%
Feabhra	153	9%
Márta	182	11%
Aibreán	123	7%
Bealtaine	208	13%

Meitheamh	151	9%
Iúil	56	3%
Lúnasa	25	2%
Meán Fómhair	158	10%
Deireadh Fómh.	173	11%
Samhain	171	10%
Nollaig	102	6%
Iomlán	**1,645**	**100%**

Sonraí faoi líon iomlán na gcuairteanna scoile de réir phríomh-chúis na cuairte	**Líon**	**%**
Leathanbhanda/Daonáireamh/tacaíocht theicniúil deontais ghréasáin agus ag tógáil ghréasáin scoile	291	18%
Tacaíocht do thionscadail scoile áitiúla nuálaíocha, m.sh., FÍS, díscaoileadh teorainneacha,Kidsmart, tionscnamh Ríomhaire Glúine srl.	274	16%
Traenáil mhúinteoirí agus forbairt ghairmiúil, traenáil uile scoile san áireamh	210	12%
Pleanáil scoile TFC	128	8%
Comhairle ar cheannach chrua-earraí TFC	143	8%
Dearadh agus forbairt shuíomh gréasáin scoile	114	7%
Comhairle ar chomhtháthú TFC sa seomra ranga/curaclam	115	7%
Foinse, úsáid,léiriúchán, ceannach agus ceadúnú bogearraí	86	5%
Scoilnet agus suíomhanna gréasáin oideachasúla	66	4%
Sábháilteacht ar an idirlíon/AUP	59	4%
Comhairle ar riachtanais Speisialta agus TFC	58	4%
Úsáid na meán digiteach	59	4%
Eile	42	3%
Iomlán	**1,645**	**100%**

MAOINIÚ AGUS CAITEACHAS

Déanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) maoiniú iomlán ar bhun-seirbhísí an NCTE. Cuireann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath seirbhísí airgeadais ar fáil don NCTE agus cuireann sé ioncam agus caiteachas an NCTE san áireamh i ráitis airgeadais na hollscoile.

Fuarthas €8,060,646,00 san iomlán in 2007 ón ROE i maoiniú reatha agus caipitil chun na tionscnaimh áirithe a bhaineann le TFC i gclár na Scoileanna, an tSeirbhís Comhairleach agus pá agus costais neamh-phá an NCTE (costais an ionaid) a mhaoiniú.Chomh maith leis sin, fuair an NCTE ioncam/aisíocaíocht de €243,128.27 ó fhoinsí eile (maoiniú an Aontais Eorpaigh do thionscadail san áireamh).

Achoimre den ioncam iomlán/aisíocaíocht mar seo:

IONCAM NCTE/ AISÍOCAÍOCHT	Reatha €'000	Caipiteal €'000
Ioncam ón ROE	7,800	261
Ioncam eile/Aisíocaíocht	237	6
Iomlán	**8,061**	**267**

Ba é an caiteachas iomlán in 2007 ná €8,224,965.07. Léiríonn an p-chairt struchtúr an chaiteachais idir na príomh-chatagóirí:



Caitheadh an chuid ba mhó den airgead ar thionscnaimh an chláir atá liostaithe sna leathanaigh a tháinig roimhe seo sa tuairisc. Tugtar roinnt an chaiteachais ar na tionscnaimh seo thíos.

ROINNT AN CHAITEACHAIS AR TFC I DTIONSCADAIL SCOILE	**€' 000**
Tionscnamh Scileanna Teagaisc	1,485
Tionscnamh Comhtháthaithe Teicneolaíochta	593
Tionscadal Scoilnet	465
Tionscnamh ar Ábhar Digiteach (gan Scoilnet san áireamh)	249
TFC sa Seomra Ranga: Tionscadail Nuálaíocha	668
Iomlán	**3,460**



Ta caiteachas ar Riachtanais Speisialta Oideachais agus caiteachas ar Thionscnamh TFC san áireamh sna tionscnaimh eile.
Ullmhaíodh an tuairisc seo ar bhonn phrionsabail chuntasaíochta airgid.

AGUISÍN

Foilseacháin agus Luachálacha NCTE 2007

Suíomh Gréasáin NCTE: Eolas faoi Leathanbhanda
Cuireadh eolas agus comhairle ar fáil do scoileanna faoi Chlár Leathanbhanda na Scoileanna.
www.ncte.ie/broadband

Ábhair Chúrsa Nua an NCTE

Ag déanamh comhtháthú idir Sábhailteacht ar an Idirlíon agus Foghlaim – Lámhleabhar Traenála agus CD, Bealtaine 2007.
Modúl 1 agus 2 de Dhearadh Paraiméadrach le Cabhair ó Ríomhaire (DCR)- lámhleabhar traenála agus cleachtaí, Deireadh Fómhair 2007
Táispeántais agus Bileoga Saothair á gCruthú ag úsáid TFC, iatán d'fhillteán traenála, Aibreán 2007
Cur in aithne do na Meáin Dhigiteacha, iatán d'fhillteán traenála, Aibreán 2007
Cur ina aithne don Idirlíon agus Ríomhphost, iatán d'fhillteán traenála, Aibreán 2007
Cur in aithne do PCnna agus do Bhainistíocht Chomhad, iatán d'fhillteán traenála, Aibreán 2007

Webwise
D'oibrigh Webwise leis an mBord Comhairleach don Idirlíon agus leis an Roinn Dlí agus Cirt chun bileog chomhairle nua maidir le líonrú sóisialta a chruthú do thuismitheoirí: Get *with IT: Comhairle faoi líonrú sóisialta*. Dáiltear na trí leabhrán sa tsraith ar thuismitheoirí a bhíonn i láthair ag Léiriúcháin Shábháilteachta do na Tuismitheoirí faoin Idirlíon, a chruthaigh agus a d'eagraigh Comhairle Náisiúnta Thuismitheoirí na hÉireann(CNT).

Nuachtlitir Scoilnet
Nuachtlitir leictreonach a fhoilsítear uair sa tseachtain agus a dháiltear ar shíntiúsóirí agus ar scoileanna.

Nuachtlitir Theagascóra
Nuachtlitir leictreonach a fhoilsítear gach téarma scoile le haghaidh 400 teagascóir, geall leis.

Altanna NCTE 2007

Altanna irise NCTEuch scríofa ag Anne White, Comhordaitheoir Náisiúnta, Ábhar Digiteach.
Out and About le TFC – Meitheamh 2007
Úsáidí praiticiúla don TFC sa mhatamaitic – Meitheamh 2007
Tús Nua – Déan forbairt ar Shuíomh Gréasáin na Scoile – Mean Fómhair 2007
Ag obair le hÍomhánna Digiteacha – Deireadh Fómhair 2007
Tá an Nollaig ag teacht – Nollaig 2007

Alt irise NCTEuch scríofa ag Simon Grehan, Oifigeach Tionscadail, Sábháilteacht ar an Idirlíon
Ag teagasc Sábháilteachta ar an Idirlíon – Nollaig 2007

Léiriúchán NCTE 2007

Ghlac baill foirne an NCTE páirt ghníomhach i réimse gníomhaíochtaí eolais, léiriúcháin do ghrúpaí ionadaíocha, comhdhálacha agus áisíneachtaí eile san áireamh. Rinneadh roinnt léiriúchán do thoscaireachtaí a bhí tagtha go hÉirinn ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Seo achoimre ar léiriúcháin in 2007.

Tionscnamh FGL
Curtha i láthair ag Denise Brennan, Comhordaitheoir Náisiúnta Gníomhach, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, choiste traenála don Ionad Náisiúnta don Treoir san Oideachas, Oifigí Ionad Náisiúnta don Treoir san Oideachas, Baile Átha Cliath , Mean Fómhair 2007

Forbhreathnú NCTE
Cur i láthair ag oifigí Bhaile Átha Cliath, Google, ag James Morrissey, Stiúrthóir NCTE, Anne White, Comhordaitheoir Náisiúnta, Ábhar Digiteach, Mike O' Byrne, Comhordaitheoir Náisiúnta, Scoilnet, Tom Lonergan, Comhordaitheoir Náisiúnta, Tionscnamh Comhtháthaithe Teicneolaíochta agus Denise Brennan, Comhordaitheoir Náisiunta Gníomhach, FGL, Samhain 2007.

Forbhreathnú NCTE
Cur i láthair ag Mike O' Byrne, Comhordaitheoir Náisiúnta, Scoilnet, do Ghrúpa Ionadaíoch, An Cumann Ábhair, (GICA), Coiste Feidhmiúcháin, Samhain 2007.

Ríómhphost Scoilnet
Cur i láthair ag Tom Lonergan, Comhordaitheoir Náisiúnta, Tionscnamh Comhtháthaithe Teicneolaíochta do Chomhdháil CESI, Coláiste de hÍde, Tamhlacht, Baile Átha Cliath – Feabhra 2007

Cur i láthair ag Anne White, Comhordaitheoir Náisiúnta, Ábhar Digiteach, do ghrúpa cuartaíochta ó Mhalaeisia sa ROE – Aibreán 2007

Cur i láthair ag Jerome Morrissey, Stiúrthóir NCTE do UNESCO/UNICEF, ag comhdháil in Buenos Aires, Meiriceá Theas – Bealtaine 2007

Cur i láthair ag Jerome Morrissey, Stiúrthóir NCTE agus Anne White, Comhordaitheoir Náisiúnta, Ábhar Digiteach do Chigirí san Eolaíocht i gCill Chainnigh – Meitheamh 2007

Cur i láthair ar scoileanna Digiteacha i dTiobraid Árann, ag Neil O' Sullivan, Oifigeach Tionscadail, Riachtanais Speisialta agus Scoileanna Digiteacha, Meitheamh 2007
Cur i lathair ag Jerome Morrissey, Stiúrthóir, NCTE, ag comhdháil náisiúnta na Comhairle Múinteoireachta, maidir le comhtháthú TFC le foghlaim agus teagasc – Deireadh Fómhair 2007

Cur i láthair ag Mike O' Byrne, Comhordaitheoir Náisiúnta, Scoilnet ag seimineár teagascóra Chumann Múinteoirí Éireann agus ag Anne White, Comhordaitheoir Náisiúnta, Ábhar Digiteach, Samhain 2007

Cur i láthair do ghrúpa straitéise Airí –
5/3/07 Tom Lonergan, Comhordaitheoir Náisiúnta, NCTE
28/3/07 Anne White agus Mike O' Byrne, Comhordaitheoirí Náisiúnta, NCTE
12/4/07 Anne White agus Tom Lonergan. Comhordaitheoirí Náisiúnta, NCTE

Chuir an bheirt Oifigeach Tionscadail Webwise, Simon Grehan agus/nó Gráinne Walsh na hábhair i láthair agus ghlacadar páirt ag na hócaidí seo a leanas:

- Seastán léiriúcháin ag Nuálaithe Óga Sóisialta – Bealtaine 2007
- Léiriú ar Shábháilteacht ar an Idirlíon do Chomhordaitheoirí teagmhála, Cnuasghrúpa Bhaile Átha Cliath – Deireadh Fómhair 2007
- 'Fóram Rialachais Idirlín' Rio de Janeiro ar son Choimisiún na hEorpa – Samhain 2007
- Comhléiriú Webwise agus OSPS ag Comhdháil Eminent, ag cur in iúl cén fáth ar cheart eShábháilteacht a bheith mar chuid den churaclam scoile agus conas a d'oibríomar chun an aidhm seo a bhaint amach – Nollaig 2007
- Cruinniú Insafe sa Bhruiséil – Nollaig 2007
- Seó an Tráthnóna RTÉ – Nollaig 2007

Ionadaíocht Sheachtrach NCTE

Mar áisíneacht an ROE do TCF san Oideachas, tá ionadaíocht ag an NCTE agus glacann sé páirt sna grúpaí, gréasáin agus fóraim seo:

Grúpa Stiúrtha Leathanbhanda Scoileanna
Grúpa Oibre Leathanbhanda Scoileanna
Coiste Stiúrtha Scoile Connect
Coiste Stiúrtha Luachála Scoile Connect
Coiste Stiúrtha Tionscadail 'Fionnaigh Braiteoirí'
Coiste Bainistíochta Ríomhairithe Scoile Lár-Chathrach Átha Cliath
OSSP – Coiste Stiúrtha tionscadail ERAP
Foireann tionscadail Ardteagaisc Arlíne Intel

Cúrsaí NCTE 2007

Cúrsaí Arlíne

An tIdirlíon – Acmhainn Teagaisc agus Foghlama

Cultúr eFhoghlama i do Scoil a Fhorbairt (le CMÉ)

Reamhchúrsaí TFC

Réamhchúrsa TFC do Bhunmhúinteoirí
TFC a úsáid mar Acmhainn Teagaisc agus Foghlama
Réamhchúrsa TFC d'Iarbhunmhúinteoirí
Léiriúcháin agus Bileoga Oibre a chruthú ag úsáid TFC
Meáin Dhigiteacha a chur in aithne
Idirlíon agus Ríomhphost a chur in aithne
PCnna agus Bainistiú Comhaid a chur in aithne

Cúrsaí Teicniúla

Ag réiteach bunfhadhbanna Ríomhairí agus Bogearraí
Líonrú Ríomhaire – Bun agus Cliaint-Fhreastalaí

Meáin Dhigiteacha agus Nua-Theicneolaíocht

Cur in aithne do na Meáin Dhigiteacha
Fís Dhigiteach don Oideachas
Intinní a Chumasú – ag Úsáid Brící In-Ríomhchláraithe

Dearadh Idirlín agus Gréasáin

Idirlíon agus Ríomhphost le haghaidh foghlama
Dearadh agus forbairt shuíomh gréasáin le haghaidh Foghlama
Suíomh Gréasáin Scoile a Chruthú ag Úsáid Website X5
Sár-Ghréas-Cheapadóireacht le haghaidh Foghlama
Comhtháthú a dhéanamh idir Sábháilteacht ar an Idirlíon agus Teagasc agus Foghlaim
Bebo: Cad atá ar siúl?

Ginearálta

'Teagasc don Todhchaí 1' Intel
'Teagasc don Todhchaí II' Intel

TFC agus Riachtanais Speisialta

TFC agus Riachtanais Speisialta: An Buneolas
TFC agus Riachtanais Speisialta: Tacaíocht Foghlama
TFC agus Riachtanais Speisialta: Míchumas Éadrom
TFC agus Riachtanais Speisialta: Bodhar/Míchumas Trom/Míchumas Domhain
TFC agus Riachtanais Speisialta: Lagú Amhairc
TFC agus Riachtanais Speisialta: Neamhoird i Réimse an Uathachais

Bainteach le hÁbhar

TFC agus Tíreolas
Ag úsáid Teicneolaíocht Láimhe i dTeagasc na Matamaitice
TFC agus Tíreolas 2: Mapaí agus Grianghraif Idirghníomhacha
TFC agus Stair
Modúl Paraiméadrach CAD 1
Modúl Paraiméadrach CAD 2

Bainteach le Tionscadal

Clár Luathfhoghlama Kidsmart